AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2025
COM(2025) 25 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10157/21 INIT; ST 10157/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia

{SWD(2025) 10 final}

Iarscríbhinn

Roinn 1: Fabhtanna agus Infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Coigiltis

1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

A. Comhábhar 1: Athrú Aeráide agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Is é cuspóir ginearálta na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia rannchuidiú leis an aistriú glas agus go háirithe rannchuidiú leis na cuspóirí comhshaoil maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide. Díríonn gach fo-chomhpháirt ar chuid de na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas. Díríonn Fo-chomhpháirt 1.1 ar shoghluaisteacht inbhuanaithe d'fhonn astaíochtaí in earnáil an iompair a laghdú, go háirithe i Ríge agus ar a forimeall trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair phoiblí ghlain (go háirithe iarnród). Díríonn Fo-chomhpháirt 1.2 den chuid is mó ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú trí thacú le cláir éagsúla athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha agus trí thacú le líonraí fuinnimh inbhuanaithe. Ar deireadh, rannchuidíonn fo-chomhpháirt 1.3 le hoiriúnú don athrú aeráide trí rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc, amhail dóiteáin agus tuilte.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hiompar, go háirithe maidir lena inbhuanaitheacht, lena éifeachtúlacht fuinnimh agus lena hidirnaisc fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3, 2019). Rannchuidíonn sé freisin le tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus díriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, bonneagar iompair inbhuanaithe (Moladh Sonrach Tíre 3203, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 1.1.1.r. Córas Iompair Chathrach Ríge a Ghlasú

Is é cuspóir ginearálta an bhirt rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na Laitvia a laghdú agus béim á leagan ar iompar arb é an fhoinse astaíochtaí GCT is mó é (sciar 28.5 % d'astaíochtaí GCT iomlána (gan úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a áireamh) in 2018 agus 36.7 % d'astaíochtaí GCT neamh-ETS). Díríonn an beart seo go sonrach ar cheantar cathrach Ríge a chlúdaíonn thart ar 65 % de dhaonra na Laitvia. Cuspóir sonrach is ea an córas iompair atá ilroinnte faoi láthair a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú chun úsáid an iompair phoiblí a dhreasú.

Is éard atá sa bheart ollchóiriú ginearálta ar Chóras Iompair Chathrach Ríge. Cruthófar gréasán iompair phoiblí ilmhódach ag a mbeidh amchlár aonair comhleanúnach, beartas praghais aonair agus lascaine agus córas ticéad aonair.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: 1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar iompair Chathrach Ríge

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo feabhas a chur ar bhonneagar iompair cathrach Ríge. Áireofar leis an mbeart clár infheistíochta i soghluaisteacht ghlan agus i mbonneagar ina ndíreofar ar réitigh iarnróid (leictriú 100 km d'iarnród, an chuid theas de Stáisiún Lárnach Iarnróid Ríge), iompar poiblí astaíochtaí nialasacha (seacht mbus leictreacha agus seacht stáisiún luchtaithe bus leictreacha a fháil) agus lánaí rothar a thógáil. Comhlánófar é sin trí mhol iompair phoiblí a thógáil (bus/bus leictreach, tram agus bus tralaí), ocht bpointe soghluaisteachta, síneadh 2.2 km a chur leis an líne tram agus líne bus tralaí 0.3 km, chun tacú le húsáid iompair ilmhódaigh.

Cuirfear an beart chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 1.2.1.1.i. Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-árasán agus an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú. Ós rud é gurb ionann an fuinneamh a ídítear in earnáil na bhfoirgneamh agus suas le 40 % den tomhaltas fuinnimh deiridh, meastar go laghdóidh an beart an tionchar ar an gcomhshaol agus go rannchuideoidh sé le maolú ar an athrú aeráide. Aidhm eile is ea billí fuinnimh a laghdú d'áitritheoirí agus leibhéal slándála an tsoláthair fuinnimh a mhéadú. I measc na gcuspóirí sonracha eile tá leibhéal na bochtaineachta fuinnimh a laghdú agus tacú le fostaíocht. Díríonn an beart seo go sonrach ar fhoirgnimh ilárasán.

Is éard atá sa bheart clár tacaíochta le haghaidh athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh ilárasán. Beidh sé i bhfoirm ionstraime airgeadais (iasachta) le lascaine caipitil suas le 49 % de mhéid na hiasachta. Ní bheidh cabhair ar fáil ach amháin d'fhoirgnimh a bhfuil coinne leis go mbainfidh an tionscadal coigilteas fuinnimh 30 % ar a laghad amach.

Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 1.2.1.2.i. Éifeachtúlacht fuinnimh i ngnó a mhéadú, i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo éifeachtúlacht fuinnimh ghnólachtaí na Laitvia a fheabhsú. Is é is aidhm d'infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh gnólachtaí úsáid chuíchóirithe acmhainní fuinnimh a chur chun cinn, tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú, chomh maith le táirgiúlacht, iomaíochas agus cumas onnmhairiúcháin fiontar a fheabhsú. Díríonn an beart seo go sonrach ar ghnólachtaí.

Is éard atá sa chéad cholún den bheart clár tacaíochta i bhfoirm ionstraim airgeadais chomhcheangailte (iasacht le deontas i bhfoirm lascaine caipitil). Leis an gclár infheistíochta, maoineofar infheistíochtaí ó fhiontair chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a thabhairt isteach, chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh in iompar inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí nua atá tíosach ar fhuinneamh a thabhairt isteach sa táirgeadh. Is éard a bheidh sa dara colún den bheart deontais chun táirgí agus teicneolaíochtaí nua a bhaineann leis an ngeilleagar ísealcharbóin, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt (trí thaighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta).

Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta

atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;1

(ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;2 (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí3 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;4 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Infheistíocht: 1.2.1.3.i. Foirgnimh bhardasacha agus bonneagar bardasach a fheabhsú tríd an aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh bhardasacha na Laitvia a fheabhsú. Tógadh cuid mhór d'fhoirgnimh bhardasacha a bhí ann cheana sular méadaíodh na ceanglais theirmeacha le haghaidh foirgneamh agus dá bhrí sin tá feidhmíocht íseal fuinnimh acu. Go sonrach, is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus bonneagair rialtais áitiúil chun ídiú fuinnimh phríomhúil bliantúil a laghdú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Mar chuspóir comhlántach, is é is aidhm don bheart seo costas cothabhála foirgneamh bardasach a laghdú.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí in athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht an rialtais áitiúil (agus réadmhaoine measctha inar scairshealbhóirí tromlaigh iad na bardais), lena n-áirítear foirgnimh atá tiomnaithe do thithíocht shóisialta, cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta.

Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: 1.2.1.4.i. Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo éifeachtúlacht fuinnimh stoc foirgneamh poiblí na Laitvia a fheabhsú. Tá feidhm aige maidir le foirgnimh atá faoi úinéireacht an rialtais láir lena n-áirítear foirgnimh stairiúla. Féachann an beart lena n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, an t-aistriú chuig

[1] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[2] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[3] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[4] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

fuinneamh in-athnuaite i dtáirgeadh fuinnimh a chur chun cinn, agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach.

Is éard atá sa bheart infheistíocht i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh d'fhoirgnimh phoiblí. Áiritheofar leis an gcabhair go mbeidh coigilteas fuinnimh 30 % ar a laghad faoin gclár mar thoradh ar chur chun feidhme na dtionscadal uile, ar an meán.

Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 1.2.1.5.i. Nuachóiriú na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo rannchuidiú le cuspóirí aeráidneodrachta a bhaint amach trí bhonneagar eangaí inbhuanaithe a chruthú ina bhféadfar teicneolaíochtaí glasa, go háirithe an ghaoth, a úsáid ar bhealach níos éasca. Tá gá le hinfheistíochtaí i gclaochlú glas na n-eangach leictreachais agus an bhonneagair dhigitigh chun bonneagar leordhóthanach soláthair leictreachais a sholáthar don leictrea-shoghluaisteacht, agus d'oibriú inbhuanaithe agus éifeachtúil an chórais. Is é is aidhm don bheart rannchuidiú le sioncrónú na gcóras leictreachais Baltach le gréasáin ilchríochacha Eorpacha agus le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Phlean maidir le Comhtháthú Mhargadh Leictreachais Mhuir Bhailt.

Is éard atá sa bheart infheistíocht dhíreach in uasghrádú na heangaí leictreachais, réitigh TF a fhorbairt chun solúbthacht agus slándáil an chórais tarchurtha agus an chórais dáileacháin a mhéadú agus ardán náisiúnta malartaithe agus stórála sonraí margaidh leictreachais agus córas méadraithe chliste uathoibrithe a chruthú i measc nithe eile. Leis an mbeart, cuirfear feabhas freisin ar an gcreat rialála agus ar na coinníollacha cumasúcháin chun úsáid fuinnimh gaoithe ar tír mór ar thalamh foraoise stáit a éascú agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú maidir le hinfheistíochtaí i gcumhacht ghaoithe. Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú: 1.3.1.r. Oiriúnú an chórais bainistithe tubaistí don athrú aeráide, seirbhísí tarrthála agus mearfhreagartha

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo rannchuidiú le cuspóirí aeráide trí acmhainneacht freagartha seirbhísí tarrthála tubaistí agus dóiteáin a neartú. Rannchuideoidh an beart le hoiriúnú don athrú aeráide trí aga freagartha na seirbhísí tarrthála dóiteáin a ghiorrú (faoi chuimsiú athchóiriú níos ginearálta lena gcomhtháthaítear seirbhísí éagsúla de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile faoi aon díon amháin). Is é is aidhm don bheart rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide trí na seirbhísí sin a aistriú chuig foirgnimh nua atá tíosach ar fhuinneamh.

Is éard atá sa bheart ocht n-ionad nua bainistithe tubaistí atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil.

Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Márta 2026.

1.3.1.2.i. Infheistíochtaí i mbonneagar laghdaithe riosca tuilte

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo rannchuidiú le hoiriúnú don athrú aeráide trí thuilte a chosc. Mar thoradh air sin, cuirfear tionscadail infheistíochta chun feidhme lena gcosnófar ar riosca tuilte.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí i mbonneagar chun riosca tuilte a laghdú, lena n-áirítear stáisiúin chaidéalaithe troim a atógáil agus a athnuachan, cladáin chosanta agus canáil a athnuachan.

Cuirfear an beart chun feidhme ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
1	**1.1.1.r. Córas Iompair Raon Cathrach Ríge a Ghlasú**	Garsprioc	Cur chuige comhordaithe maidir le pleanáil, ordú agus eagrú iompair paisinéirí i limistéar cathrach Ríge	Tá cur chuige comhordaithe curtha chun feidhme maidir le pleanáil, ordú agus eagrú iompair paisinéirí i limistéar cathrach Ríge	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Na céimeanna is gá a thabhairt i gcrích chun cur chuige comhordaithe a chur chun feidhme. Áirítear leis sin, i measc nithe eile: — meitheal a bhunú chun pleanáil iompair phoiblí i limistéar cathrach Ríge a chomhordú; — Glacadh plean iompair phoiblí limistéar cathrach Ríge i gcomhréir le forbairt an iompair paisinéirí d'iarnród sa Laitvia.
2	**1.1.1.r. Córas Iompair Raon Cathrach Ríge a Ghlasú**	Garsprioc	Athchóiriú ar iompar poiblí RMA	Gréasán bealaí iompair phoiblí ilmhódaigh aontaithe a chur i seirbhís le haghaidh limistéar cathrach Ríge	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2025	Gréasán ilmhódach iompair phoiblí a chur i mbun seirbhíse do limistéar cathrach Ríge le hamchlár aonair agus comhchuibhithe, beartas praghais aonair agus lascaine agus ticéad aonair do chóras comhtháite iompair phoiblí limistéar cathrach Ríge
3	**1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar iompair Chathrach Ríge**	Sprioc	Fad na línte iarnróid leictreacha arna gcruthú agus na línte iarnróid atá ann cheana arna n-uasghrádú le haghaidh iompar paisinéirí		Km	0	100	R1	2026	Leictriú (athrú líonra teagmhála le haghaidh aistriú chuig córas leictriúcháin 25 kV, méadú ar fhad iomlán línte leictrithe) agus gníomhaíochtaí gaolmhara (codanna rianta leictreacha a thógáil, córais chomharthaíochta a oiriúnú).

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
4	**1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar iompair Chathrach Ríge**	Garsprioc	Síniú conarthaí chun Stáisiún Iarnróid Lárnach Ríge a uasghrádú	Conarthaí sínithe	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2025	Síniú conarthaí le haghaidh oibreacha tógála agus chun maoirseacht a dhéanamh ar oibreacha tógála sa chuid theas de Stáisiún Iarnróid Lárnach Ríge. I measc na n-oibreacha tógála sa chuid theas de Stáisiún Iarnróid Lárnach Ríge tá leagan dín, tógáil aghaidhe, díon ceannbhrat ardáin, oibreacha bailchríche, bonneagar rochtana paisinéirí, oibreacha meicniúla, leictreacha agus pluiméireachta.
4a	**1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar iompair Chathrach Ríge**	Garsprioc	Stáisiún Iarnróid Lárnach Ríge Uasghrádaithe	Oibreacha tógála críochnaithe i Stáisiún Lárnach Ríge	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2026	Oibreacha tógála críochnaithe sa chuid theas de Stáisiún Iarnróid Lárnach Ríge: díon, aghaidh, díon ceannbhrat ardáin, oibreacha bailchríche, rochtain do phaisinéirí, oibreacha meicniúla, leictreacha agus pluiméireachta.
5	**1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar iompair Chathrach Ríge**	Sprioc	Infheistíochtaí iompair astaíochtaí nialasacha (busanna leictreacha agus stáisiúin luchtaithe)		Líon	0	24	R3	2026	Tabharfar na hinfheistíochtaí iompair astaíochtaí nialasacha seo a leanas i gcrích: — Seachadadh 17 mbus leictreacha — 7 stáisiún luchtaithe a thógáil le haghaidh busanna
5a	**1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar**	Garsprioc	Tionscadail bhonneagair iompair phoiblí curtha i gcrích	Tionscadail atá curtha i gcrích	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2026	Críochnófar an bonneagar iompair seo a leanas:

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	iompair Chathrach Ríge									- Mol iompair phoiblí amháin (bus/bus leictreach, tram agus bus tralaí) - Ocht bpointe soghluaisteachta - Síneadh 2.2 km ar an líne tram - Síneadh 0.3 km a chur leis an líne bus tralaí
6	**1.1.1.i. Feabhas a chur ar bhonneagar iompair Chathrach Ríge**	Sprioc	Fad an bhonneagair timthrialla nuathógtha nó athchóirithe i gcathair Ríge agus Pieriga (cuid de Limistéar Cathrach Ríge)		Km	0	52	R3	2026	Teacht i bhfeidhm bonneagair timthrialla nuathógtha nó athchóirithe.
7	**1.2.1.1.i. Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-árasán agus an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2022	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú le critéir incháilitheachta chun ceanglais an réimse idirghabhála is infheidhme ‘025 bis — athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar thithíocht atá ann cheana, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta a chomhlíonann critéir éifeachtúlachta fuinnimh’ d’Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF a léiriú.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
8	**1.2.1.1.i. Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-árasán agus an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú**	Sprioc	Tionscadail fhormheasta ar fiú EUR 40 097 400 ar a laghad iad		EUR	0	40 097 400	R3	2024	Tionscadail fhormheasta ag Altum arb ionann iad agus EUR 40 097 400 ar a laghad. Is í an institiúid airgeadais forbartha Altum a thugann faoin gceadú.
9	**1.2.1.1.i. Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-árasán agus an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú**	Sprioc	Ídiú fuinnimh phríomhúil a laghdú i bhfoirgnimh ilárasán a bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe acu		MWh/ Bliain	0	14 423	R3	2026	Laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh ilárasán a thairbhíonn d'athchóirithe feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh faoin mbeart.
10	**1.2.1.2.i. Éifeachtúlacht fuinnimh i ngnó a mhéadú i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Chláir Tacaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Fiontraíochta	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2022	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin arna fhormheas ag Comh-Aireacht na nAirí lena dtacaítear le cláir a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht fuinnimh gnólachtaí a fheabhsú. Cuirfear na cláir thacaíochta chun feidhme i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte, ar iasacht inaisíoctha agus lascaine chaipitil í.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										Mar chritéir incháilitheachta chun ceanglais an réimse idirghabhála is infheidhme ‘024.ter — Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna nó i bhfiontair mhóra agus bearta tacaíochta a chomhlíonann critéir éifeachtúlachta fuinnimh [3]’ d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF a léiriú, socrófar leis na coinníollacha cabhrach coigilt fuinnimh phríomhúil íosta 30 % do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh agus do threalamh, íosmhéid 30 % de mheánchoigilteas fuinnimh phríomhúil i bpunann tionscadail bheart RRF (le 25 % ar a laghad le haghaidh trealamh éifeachtúlachta fuinnimh). Chun a áirithiú go mbainfear torthaí amach, áireofar sna coinníollacha íostairseach le haghaidh coigilteas fuinnimh in aghaidh an euro de chistiú poiblí arna infheistiú mar chritéar incháilitheachta don tionscadal. Áireofar ar na coinníollacha critéir incháilitheachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabail DNSH i gcomhréir le Treoirlínte DNSH (2021/C58/01) agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Cuirfear tacaíocht ar fáil trí thairiscintí iomaíocha do thionscadail lena

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										mbaineann an coigilteas fuinnimh is mó a bhfuiltear ag súil leis in aghaidh an euro a infheistítear.
11	**1.2.1.2.i. Éifeachtúlacht fuinnimh i ngnó a mhéadú i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte**	Sprioc	An laghdú atá beartaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa		Coibhéis CO2 in t/bliain	0	11 498	R3	2026	Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, i gcoibhéis CO2 in aghaidh an tona, bunaithe ar na laghduithe ar astaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo mar thoradh ar an mbeart.
12	**1.2.1.2.i. Éifeachtúlacht fuinnimh i ngnó a mhéadú i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte**	Sprioc	Tionscadail fhormheasta ar fiú EUR 108 000 000 ar a laghad iad		EUR	0	108 000 000	R4	2024	Tionscadail fhormheasta ar fiú EUR 108 000 000 ar a laghad iad.
13	**1.2.1.3.i. Foirgnimh bhardasacha agus bonneagar bardasach a fheabhsú tríd an aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil do chlár tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i mbonneagar bardasach a fheabhsú, a	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin Comh-Aireachta				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an Rialacháin Comh-Aireachta lena leagtar síos coinníollacha cur chun feidhme chun foirgnimh agus bonneagar rialtais áitiúil a fheabhsú, an t-aistriú chuig úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, le critéir incháilitheachta chun ceanglais an réimse idirghabhála is infheidhme ‘026 bis — Téarnamh fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh le

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú		thacaíonn le tionscadail a bhfuil laghdú beartaithe 30 % ar a laghad ar fhuinneamh príomhúil nó CO2 acu.							haghaidh bonneagar poiblí, tionscadail taispeána agus bearta tacaíochta a chomhlíonann critéir éifeachtúlachta fuinnimh' d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF a léiriú
14	**1.2.1.3.i. Foirgnimh bhardasacha agus bonneagar bardasach a fheabhsú tríd an aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú**	Sprioc	Conarthaí a dhámhachtain chun tionscadail feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme d'fhoirgnimh agus do bhonneagar rialtais áitiúil ar EUR 27 838 800 ar a laghad		EUR	0	27 838 800	R4	2024	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí le haghaidh EUR 27 838 800 ar a laghad.
15	**1.2.1.3.i. Foirgnimh bhardasacha agus bonneagar bardasach a fheabhsú tríd an aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur**	Sprioc	Laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh bhardasacha agus i mbonneagar bardasach		KWh/Bliain	0	4 544 563	R4	2025	Laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh bhardasacha agus i mbonneagar mar thoradh ar bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh bhardasacha agus i mbonneagar a fhaigheann tacaíocht faoin mbeart. Féadfar deimhnithe fuinnimh a úsáid chun an laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil a léiriú. Beidh sé d'aidhm ag

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chun cinn agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú									na bearta tomhaltas fuinnimh phríomhúil a laghdú 30 % ar a laghad.
16	**1.2.1.4.i. Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh náisiúnta agus stairiúla a fheabhsú	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh náisiúnta agus stairiúla arna fhormheas ag Comh-Aireacht na nAirí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2022	Teacht i bhfeidhm cláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh náisiúnta agus stairiúla a fheabhsú, lena ngabhann critéir incháilitheachta chun ceanglais réimse idirghabhála is infheidhme 026 bis — Téarnamh fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh bonneagar poiblí, tionscadail taispeána agus bearta tacaíochta a chomhlíonann critéir éifeachtúlachta fuinnimh Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF a léiriú.
17	**1.2.1.4.i.Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla**	Sprioc	Fógra faoi dhámhachtain conartha as ionadaíocht a dhéanamh ar EUR 16 769 200 ar a laghad		EUR	0	16 769 200	R3	2024	Fógra a thabhairt do thairbhithe faoi dhámhachtain conartha arb ionann é agus EUR 16 769 200 ar a laghad.
18	**1.2.1.4.i. Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a**	Sprioc	Ídiú fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh phoiblí a bhfuil éifeachtúlacht		MWh/Bliain	0	3 875	R3	2026	Laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil i bhfoirgnimh phoiblí le héifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe mar thoradh ar na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo faoin mbeart. Féadfar deimhnithe fuinnimh a

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fheabhsú, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla		fuinnimh fheabhsaithe acu a laghdú							úsáid chun an laghdú ar ídiú fuinnimh phríomhúil a léiriú.
19	**1.2.1.5.i. Nuachóiriú na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais**	Sprioc	Fógra a thabhairt faoi chonarthaí arna ndámhachtain do thionscadail arna bhformheas le haghaidh EUR 80 000 000.		EUR	0	80 000 000	R1	2023	Fógra a thabhairt do thairbhithe maidir le dámhachtain conarthaí do thionscadail arna bhformheas le haghaidh EUR 80 000 000.
20	**1.2.1.5.i. Nuachóiriú na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais**	Sprioc	Pointí nasctha le haghaidh luchtú feithiclí leictreacha agus/nó suiteáil micreaghiniúna		Líon	0	2 060	R3	2026	Líon comhcheangailte na bpointí nasctha oibríochtúla le haghaidh luchtú feithiclí leictreacha agus/nó suiteáil micreaghiniúna oibríochtúil
21	**1.2.1.5.i. Nuachóiriú na ngréasán tarchurtha agus dáileacháin leictreachais**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata rialála chun tarchur leictreachais arna tháirgeadh ó RES chuig líonraí a áirithiú (lena n-áirítear úsáid foraoisí agus talún poiblí	Teacht i bhfeidhm: a) Reachtaíocht/rialachán lena gcuirtear foraoisí stáit ar fáil le haghaidh úsáid fuinnimh gaoithe, lena n-ainmnítear limistéir	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2024	Teacht i bhfeidhm: a) Reachtaíocht/rialachán lena gcuirtear foraoisí stáit ar fáil le haghaidh úsáid fuinnimh gaoithe, lena n-ainmnítear limistéir iomchuí le haghaidh forbartha agus lena gcuirtear ar fáil iad le haghaidh tairiscintí ó infheisteoirí príobháideacha; b) Reachtaíocht/rialachán lena laghdaítear éiginnteacht dhlíthiúil le haghaidh infheistíochtaí i bhfuinneamh

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			eile le haghaidh táirgeadh fuinnimh gaoithe) agus chun forbairt bonneagair fuinnimh gaoithe a chur chun cinn.	iomchuí le haghaidh forbartha agus lena gcuirtear ar fáil iad le haghaidh tairiscintí ó infheisteoirí príobháideacha. b) Reachtaíocht/ria lachán lena laghdaítear éiginnteacht dhlíthiúil le haghaidh infheistíochtaí i bhfuinneamh gaoithe trí chásanna a shonrú inar féidir infheistíochtaí a dhiúltú tar éis measúnú tionchair a dhéanamh agus trí shásra réitigh mear a thabhairt isteach le haghaidh cásanna den sórt sin						gaoithe trí chásanna a shonrú inar féidir infheistíochtaí a dhiúltú tar éis measúnú tionchair a dhéanamh agus trí shásra réitigh mear a thabhairt isteach le haghaidh cásanna den sórt sin. Áiritheofar leis an mbeart go gcomhlíonfar prionsabal DNSH, i gcomhréir le Treoirlínte DNSH (2021/C58/01), go háirithe a mhéid a bhaineann le tionchair an bhirt ar fhoraoisí i ngeall ar athrú ar thalamhúsáid, agus i gcomhréir le dlí comhshaoil an Aontais.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
22	**1.3.1.r. Oiriúnú an chórais bainistithe tubaistí don athrú aeráide, seirbhísí tarrthála agus mearfhreagartha**	Garsprioc	Tuarascáil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme an chórais bainistithe rioscaí tubaiste	Tuarascáil faisnéise a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme an chórais bainistithe riosca tubaiste arna fhormheas ag Comh-Aireacht na nAirí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2022	I gcomhaontú leis na hinstitiúidí a bhfuil baint acu leis an gcóras bainistithe tubaistí, foilseoidh an Aireacht Gnóthaí Baile tuarascáil fhaisnéiseach do Chomh-Aireacht na nAirí maidir le láithreáin tógála na n-ionad tubaiste, na limistéar tógála agus na costais ag gach láithreán tógála, chomh maith leis an amchlár táscach le haghaidh chur chun feidhme na bpleananna bainistithe tubaistí atá le himscaradh ag gach láithreán agus maidir le conarthaí tógála a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear sa tuarascáil. Áireofar sa tuarascáil freisin tuarascáil fhoriomlán ar dhul chun cinn an athchóirithe agus plean cur chun feidhme maidir leis na comhpháirteanna athchóirithe seo a leanas: (i) an fothú acmhainneachta teicniúla (go háirithe maidir le huasghrádú feithiclí speisialaithe freagartha agus tarrthála), (ii) an tráthchlár chun réitigh TFC ghaolmhara maidir le bainistiú tubaistí a chur chun feidhme agus (iii) dul chun cinn maidir le bearta oiliúna agus coisctheacha a chur chun feidhme.
23	**1.3.1.1.i. Oiriúnú an chórais bainistithe tubaistí don athrú aeráide, seirbhísí**	Sprioc	Ionaid bainistithe tubaistí agus práinnfhreagartha a thógáil ina bhfuil beagnach		Líon	0	8	R1	2026	Líon na n-ionad nuathógtha a cuireadh i mbun seirbhíse. Úsáidfear an infheistíocht chun lárionaid bainistithe tubaistí atá nach mór neodrach ó thaobh an tomhaltais fuinnimh de a thógáil.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	tarrthála agus mearfhreagartha		0 — tomhaltas fuinnimh							
24	**1.3.1.r. Oiriúnú an chórais bainistithe tubaistí don athrú aeráide, seirbhísí tarrthála agus mearfhreagartha**	Sprioc	Limistéar iomlán dóiteáin le haghaidh falscaithe thar an tréimhse 5 bliana (2020-2024)		Limistéar (heicteáir)	3923,1	2 635,3	R1	2025	Limistéar iomlán a ndearna falscaithe difear dó, arna áireamh mar mheán thar 4 bliana as a chéile. Saineofar dóiteáin fhiáine mar mhóin, féar tirim, féar, toir, crainn, coinleach barr, féar tirim, luachra agus giolcacha, talamh foraoise, dóiteáin aonair crann na bliana seo caite, i gcomhréir le staidreamh carnach na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála Stáit.
25	**1.3.1.2.i. Infheistíochtaí i mbonneagar laghdaithe riosca tuilte**	Garsprioc	Conarthaí tógála arna ndámhachtain le haghaidh leath an lín iomláin atógála agus athnuachana	Conarthaí tógála arna ndámhachtain le haghaidh leath an lín iomláin atógála agus athnuachana	%	0	50	R4	2024	Conarthaí tógála arna ndámhachtain le haghaidh 50 % ar a laghad den líon iomlán atógála agus athnuachana faoin 31 Nollaig 2024
26	**1.3.1.2.i. Infheistíochtaí i mbonneagar laghdaithe riosca tuilte**	Sprioc	Líon na dtionscadal infheistíochta a cuireadh i gcrích		Líon	0	21	R3	2026	Cuirfear i gcrích na tionscadail seo a leanas a chosnaíonn i gcoinne riosca tuilte: • Ocht stáisiún caidéalúcháin, lena n-áirítear i) stáisiún caidéalúcháin Reinis, ii) stáisiún caidéalúcháin Kulciems agus iii) stáisiún caidéalúcháin Vezi; • Dhá chladán déag chosanta, lena n-áirítear i) póirneoir Bernati, ii) póirneoir Barta, iii) díogán bainc clé Rezekne, iv) díogán póirnéara Osa;

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										• Canáil amháin. Chun comhlíonadh phrionsabail DNSH a áirithiú i gcomhréir le Treoirlínte DNSH (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas leis an mbeart: i) i gcás inarb ábhartha, 'measúnuithe iomchuí' dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga a áireamh chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na mbeart atá beartaithe ar speicis agus gnáthóga faoi chosaint (mar a shainmhínítear faoin Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE) agus faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle)). Ba cheart na measúnuithe iomchuí sin a dhéanamh do gach tionscadal atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh; ii) a chinntiú go bhfuil cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach leis an láithreán ag na láithreáin a ndéantar measúnú cuí ina leith agus go bhfuil na bearta caomhnaithe is gá i bhfeidhm i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga; iii) a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán an Treoir Réime maidir le hUisce (Treoir/2000/60/CE) agus nach mbeidh sé ina chúis le glanmheathlú i stádas dobharlach, i

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										gcomhréir le hAirteagal 4.7 den Treoir seo.

COMHÁBHAR 2: AISTRIÚ DIGITAL

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na príomhdhúshláin dhigiteacha — easpa bunscileanna digiteacha agus ardscileanna digiteacha agus comhtháthú digiteach íseal na ngnólachtaí. Thairis sin, tugann an chomhpháirt aghaidh ar gach gné den chlaochlú digiteach — an earnáil phoiblí agus phríobháideach, scileanna agus nascacht. Is é príomhfhócas na n-infheistíochtaí i mbonneagar agus i seirbhísí.

Is iad cuspóirí na comhpháirte rannchuidiú le claochlú digiteach na sochaí agus an gheilleagair, lena n-áirítear an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19, tríd an mbonneagar, na hacmhainneachtaí agus na scileanna is gá a fhorbairt; éifeachtúlacht, próisis dhigiteacha agus bainistiú sonraí sa riarachán poiblí a fheabhsú; tacaíocht a chur ar fáil do chlaochlú digiteach gnólachtaí agus nascacht a fheabhsú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le scileanna agus foghlaim aosach (Moladh Tírshonrach 2, 2019, Moladh Tírshonrach 2, 2020). Go háirithe, rannchuideoidh sé le cáilíocht agus éifeachtúlacht an oideachais agus na hoiliúna a mhéadú agus béim á leagan ar scileanna digiteacha. Áirítear bearta athscilithe agus uas-scilithe d'oibrithe agus do dhaoine dífhostaithe, cé nach ndíríonn siad ar dhaoine ar bheagán oiliúna (Moladh Tírshonrach 2, 2019). Tugann infheistíochtaí san aistriú digiteach aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann le hinfheistíocht (Moltaí Tírshonracha 3, 2019 agus 3, 2020) — tá infheistíochtaí beartaithe i gcórais TF na hearnála poiblí, i mbunscileanna agus in ardscileanna digiteacha, in oiriúnú digiteach gnólachtaí, agus i nascacht.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 2.1.1.r. Próisis agus seirbhísí náisiúnta a nuachóiriú agus an claochlú digiteach

Is é cuspóir an bhirt riarachán poiblí agus a sheirbhísí a nuachóiriú trí chlaochlú digiteach, ag díriú ar fheidhmeanna, próisis agus seirbhísí tábhachtacha an riaracháin phoiblí nár claochlaíodh go digiteach go fóill, atá á bhforbairt as an nua nó á neartú go substaintiúil.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú ailtireacht choincheapúil choiteann TFC a thógáil le haghaidh seirbhísí riaracháin phoiblí agus a dtacaíocht bhainistíochta, agus méadracht cháilíochtúil agus chainníochtúil seirbhísí á sainiú. Déanfaidh an eagraíocht náisiúnta rialachais TFC cur chun feidhme an athchóirithe a chomhordú agus a bhainistiú, agus is é an t-údarás atá freagrach as gach cúram a dhéanfaidh cur chun feidhme chúraimí sonracha chur chun feidhme an athchóirithe.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht: 2.1.1.1.i. Nuachóiriú riaracháin agus claochlú digiteach seirbhísí, lena n-áirítear an timpeallacht ghnó

Is é cuspóir an bhirt seirbhísí riaracháin phoiblí agus a bpróisis seachadta a chlaochlú chun claochlú digiteach an gheilleagair a chur chun feidhme go héifeachtach.

Déanfar é sin trí theicneolaíochtaí agus cineálacha cur chuige nuálacha a úsáid, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus réitigh mheaisínfhoghlama, chomh maith le cur chuige fadbhreathnaitheachta agus cinnteoireachta sonraíbhunaithe a thabhairt isteach maidir le bainistiú seirbhíse agus próiseas agus cur chun feidhme iomlán an phrionsabail 'aonuaire' a áirithiú.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí in 11 chóras nó réiteach aonair sna 4 réimse seo a leanas ar a laghad: 1) an earnáil gnóthaí baile, lena n-áirítear cosaint shibhialta, maoirseacht ar shábháilteacht ó dhóiteán agus sábháilteacht phoiblí; 2) earnáil an chultúir, lena n-áirítear carnadh oidhreacht na gcartlann, na leabharlann, na músaem, na séadchomharthaí cultúrtha agus ábhar na meán; 3) seirbhísí lóistíochta calafoirt a bhainistiú; tacaíocht do phróisis bhainistíochta TFC.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú: 2.1.2.r. Éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht in úsáid acmhainní náisiúnta TFC a mhéadú

Is iad cuspóirí an athchóirithe an cur chuige soláthair TFC sa riarachán poiblí a athrú ó bhonn trí sholáthar seirbhísí aonfhoirmeacha comhroinnte TFC a lárú in ionaid inniúlachta a thacaíonn le roinnt institiúidí.

Is éard atá san athchóiriú córais agus ardáin lárnacha riaracháin phoiblí a fhorbairt agus seirbhísí bonneagair ríomhaireachta a chomhdhlúthú, uathoibriú agus éifeachtúlacht na bpróiseas soláthair a chumasú, rochtain trasteorann ar sheirbhísí riaracháin phoiblí a áirithiú, agus seirbhísí bonneagair ríomhaireachta agus stórála sonraí riaracháin phoiblí a chomhdhlúthú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht: 2.1.2.1.i. Ardáin, córais agus seirbhísí comhroinnte láraithe

Is é cuspóir na hinfheistíochta feidhmiú an riaracháin mar eagraíocht aonair a áirithiú, lena n-áireofaí feidhmeanna tacaíochta caighdeánaithe a thabhairt isteach amhail cuntasaíocht, riarachán foirne, cuntasaíocht agus bainistíocht acmhainní.

Is éard atá san infheistíocht ceithre ardán seachadta seirbhíse poiblí, cúig ardán earnála agus feidhmeanna tacaíochta, agus sé ardán agus córas chomhroinnte do bhardais.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 2.1.2.2.i. Néal Cónaidhme Náisiúnta na Laitvia

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta bonneagar agus seirbhísí comhroinnte ríomhaireachta agus bainistithe sonraí a sholáthar don riarachán poiblí agus lárionaid inniúlachta bonneagair TFC a fhorbairt chun sonraí riaracháin phoiblí a stóráil agus a ríomh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht cumais stórála sonraí agus ríomhaireachtúla na hearnála poiblí a fhorbairt faoi chuimsiú ceithre thionscadal arna ndéanamh ag Ionad Raidió agus Teilifíse Stáit na Laitvia, Leabharlann Náisiúnta na Laitvia, Ionad Faisnéise na hAireachta Gnóthaí Baile agus na hAireachta Talmhaíochta. De thoradh na hinfheistíochta, déanfar deich n-ardán riaracháin phoiblí agus deich gcóras faisnéise ar a laghad a oibriú trí sheirbhísí néalríomhaireachta comhroinnte.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú: 2.1.3.r. An geilleagar náisiúnta sonraí agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt

Is é cuspóir an athchóirithe infhaighteacht agus comhroinnt sonraí agus seirbhísí poiblí agus príobháideacha a áirithiú trí bhunchlocha a leagan síos d'fhorbairt agus d'idir-inoibritheacht gheilleagar na sonraí agus na n-ardán le spásanna sonraí Eorpacha agus trí chomhroinnt sonraí laistigh den Aontas a áirithiú.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú acmhainneachtaí na hearnála poiblí a fhorbairt chun tacair sonraí athúsáide atá ar fáil di a bhainistiú, a chomhroinnt agus a fhoilsiú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: 2.1.3.1.i. Infhaighteacht, comhroinnt agus anailís sonraí

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta comhroinnt sonraí a chur chun cinn laistigh den earnáil phoiblí agus idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, prionsabal na haonuaire a thabhairt isteach agus sonraí a chomhroinnt sa limistéar náisiúnta agus Eorpach.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht réitigh luchtaithe agus téarnaimh sonraí ard-infhaighteachta agus tacar réad sonraí a chruthú ó dheich n-earnáil agus réimse éagsúla riaracháin phoiblí ar a laghad, lena n-áirítear na hocht n-earnáil agus réimse seo a leanas: gnó, eolaíocht, comhshaol, airgeadas, soláthar poiblí, cúram sláinte, tréidliacht agus talmhaíocht (sonraí geospásúla).

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú: 2.2.1.r. Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach

Is iad cuspóirí an athchóirithe Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (EDIH) a bhunú, a láithreacht réigiúnach a áirithiú trí phointí teagmhála réigiúnacha, agus éiceachóras tacaíochta aonair comhordaithe a chruthú chun claochlú digiteach gníomhaíochtaí tráchtála a éascú.

Is éard atá san athchóiriú EDIH a bhunú, ardán/éiceachóras aonair a thacaíonn leis an gclaochlú digiteach mar ionad ilfhreastail, lena mbunaítear córas tástála aibíochta digití; a áirithiú go gcuirfidh na pointí teagmhála réigiúnacha na feidhmeanna tacaíochta nua seo a leanas don chlaochlú digiteach ar fáil: tástálacha aibíochta digití i réigiúin; rochtain ar thástáil agus ar phíolótú; meantóireacht agus oiliúint i scileanna digiteacha. Féadfaidh EDIH cistiú a fháil ó chistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an clár don Eoraip Dhigiteach, chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Infheistíocht: 2.2.1.1.i. Tacaíocht chun Moil Nuálaíochta Digití agus pointí teagmhála réigiúnacha a bhunú

Is é is cuspóir don infheistíocht feabhas a chur ar chlaochlú digiteach na n-eintiteas trí bhearta tacaíochta saincheaptha a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais sainaitheanta digitithe na n-eintiteas.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht a chur ar fáil d'oibriú na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (EDIH). Déanfar oibriú na Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha a struchtúrú ina bpacáistí oibre arb é is aidhm dóibh treochlár don chlaochlú digiteach a chur ar fáil d'eintitis; oiliúint a chur ar ionadaithe eintiteas, agus na riachtanais infheistíochta agus bhonneagair a shainaithint. Ní bhainfidh tacaíocht RRF le pacáistí oibre a bhfaigheann Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha tacaíocht ina leith faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;5 (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa

[5] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;6 (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí7 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;8 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Infheistíocht: 2.2.1.2.i. Tacaíocht do dhigitiú próiseas i ngníomhaíochtaí tráchtála

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta táirgiúlacht mhéadaithe a chur chun cinn trí infheistíocht spriocdhírithe acmhainní, agus breisluach níos airde a chruthú i bpróisis an eintitis.

Is éard atá san infheistíocht scéim deontais chun na próisis agus na feidhmeanna in eintitis a dhigitiú. Féadfar tacaíocht a dheonú chun réitigh TF a fháil, idir bhogearraí agus chrua-earraí, braiteoirí a fháil, trealamh TF a cheannach, bonneagar TF, próisis chomhtháthaithe dhigitigh a chur chun feidhme.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht: 2.2.1.3.i. Tacaíocht chun táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt isteach i ngnó

Is é cuspóir na hinfheistíochta cruthú táirgí agus seirbhísí digiteacha nua ardteicneolaíochta a chur chun cinn.

Is éard atá san infheistíocht scéim deontais chun uathoibriú, róbatú agus digitiú nua-aimseartha a thabhairt isteach sna próisis déantúsaíochta agus forbartha seirbhíse, chomh maith le tacú le réitigh ríomhthráchtála a thabhairt isteach. Áirítear staidéir indéantachta ar na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht le haghaidh táirgí agus seirbhísí digiteacha nua; taighde tionsclaíoch, agus forbairt thurgnamhach, lena n-áirítear fréamhshamhaltú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;9 (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa

[6] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[7] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[8] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[9] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;10 (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí11 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;12 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Infheistíocht: 2.2.1.4.i. Ionstraimí airgeadais chun claochlú digiteach oibreoirí eacnamaíocha a éascú

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta borradh a chur faoi tháirgiúlacht agus éifeachtúlacht an phróisis táirgthe trí thacú le hinfheistíochtaí in uirlisí claochlaithe dhigitigh.

Is éard atá san infheistíocht scéim tacaíochta (iasacht nó iasacht chomhthreomhar lena bhféadfadh lascaine chaipitil a bheith ann) chun athruithe a dhéanamh ar an bpróiseas táirgthe nó forbartha seirbhíse, chun próisis in oibreoirí eacnamaíocha a dhigitiú nó chun réitigh de chuid Thionscal 4.0 a thabhairt isteach (mar shampla: idirlíon na rudaí nithiúla, intleacht shaorga, meaisínfhoghlaim, blocshlabhra, mórshonraí, ríomhaireacht ardfheidhmíochta néalríomhaireachta).

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;13 (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;14 (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh

[10] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[11] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[12] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[13] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

[14] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

talún dramhaíola, loisceoirí15 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;16 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Infheistíocht: 2.2.1.5.i. Claochlú digiteach cuideachtaí meán a chothú

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta claochlú digiteach earnáil na meán a éascú agus oiriúnú cuideachtaí meán do threochtaí nua-aimseartha maidir le tomhaltas meán sa timpeallacht dhigiteach a éascú.

Is éard atá san infheistíocht scéim tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí i bhforbairt réiteach teicneolaíochta agus i bhfeabhsú scileanna digiteacha agus samhlacha gnó in earnáil na meán.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú: 2.3.1.r. Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt

Is iad cuspóirí an athchóirithe an ráta rannpháirtíochta san fhoghlaim aosach a mhéadú go 8 % (daoine fásta idir 25-64 bliana d'aois) faoin 31 Nollaig 2025, baint amach spriocanna eile a leagtar amach sna Treoirlínte Forbartha Oideachais 2021-2027 a éascú, an creat dlíthiúil le haghaidh córas tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a neartú agus tuilleadh deiseanna agus ceart a chruthú d'fhostaithe, lena n-áirítear trí fhiontair (go háirithe FBManna) chun páirt a ghlacadh san oideachas agus san oiliúint.

Is éard atá san athchóiriú sraith garspriocanna forbartha beartais ó na Treoirlínte maidir le Forbairt Oideachais 2021-2027 atá ag teacht i bhfeidhm; feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d'oiliúint fostaithe; cuntais foghlama aonair a bhunú agus a phíolótú; agus trí chiste scileanna a phíolótú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht: 2.3.1.1.i. Sealbhú ardscileanna digiteacha a áirithiú

Is é cuspóir na hinfheistíochta líon na speisialtóirí a bhfuil scileanna digiteacha ardleibhéil acu (leibhéil 3-5 DESI) atá in ann eolas ardteicneolaíochta agus táirgí agus seirbhísí nua atá dian ar theicneolaíocht a chur i bhfeidhm maidir le táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt in earnálacha éagsúla sna sé bliana amach romhainn.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht thart ar 20 modúl oiliúna ardscileanna digiteacha a fhorbairt i dteicneolaíochtaí candamacha, sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus i dteicneolaíochtaí teanga atá le cur san áireamh i gcláir oideachais agus oiliúna fhoirmiúla agus i gcláir oideachais agus oiliúna d'aosaigh.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

---

[15] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[16] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Infheistíocht: 2.3.1.2.i. Scileanna digiteacha fiontar a fhorbairt

Is é cuspóir na hinfheistíochta leibhéal na scileanna digiteacha i bhfiontair a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht oiliúint i mbunscileanna digiteacha a sholáthar ag na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha i gcomhar le comhlachais earnála, institiúidí oideachais agus Lárionaid Ghnó Réigiúnacha.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;17 (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;18 (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí19 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;20 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Infheistíocht: 2.3.1.3.i. Cur chuige foghlama féinbhainistithe a fhorbairt le haghaidh speisialtóirí TFC

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta cur chuige nua a fhorbairt chun speisialtóirí TFC a ullmhú, timpeallacht foghlama a chruthú le haghaidh foghlaim TFC fhéinbhainistithe chun sciar na speisialtóirí TFC, lena n-áirítear mná, i struchtúr na bhfostaithe a mhéadú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht timpeallacht foghlama a fhorbairt le haghaidh oiliúint TFC féinbhainistithe agus oiliúint a sholáthar do 1000 gairmí ar a laghad i bhfoghlaim TFC féinbhainistithe.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

[17] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[18] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[19] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[20] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Infheistíocht: 2.3.1.4.i. Cur chuige an chuntais foghlama aonair a fhorbairt

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta coincheap na gcuntas foghlama aonair (ILAnna) a fhorbairt agus a cheadú chun rannpháirtíocht daoine fásta san oideachas a spreagadh, go háirithe scileanna digiteacha a fheabhsú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacú le 3500 duine fásta scileanna digiteacha a fháil trí chuntais foghlama aonair. Cuirfear é sin chun feidhme trí na huirlisí foghlama digití is fearr a chur ar fáil; réitigh speisialaithe a úsáid le haghaidh meaisínaistriúchán ardcháilíochta agus teicneolaíochtaí intleachta saorga eile, lena mbaineann saineolaithe oideachais maidir le hábhar logánta a bhailíochtú agus a oiriúnú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú: 2.3.2.r. Scileanna digiteacha le haghaidh chlaochlú digiteach na sochaí agus an rialtais

Is é cuspóir an athchóirithe bunscileanna digiteacha ar a laghad a bhaint amach do 54 % d'áitritheoirí idir 16-74 bliana d'aois.

Is éard atá san athchóiriú forbairt ar an gcreat coiteann chun measúnú a dhéanamh ar bhunscileanna digiteacha, riachtanais oiliúna a shainaithint agus a phleanáil agus measúnú a dhéanamh orthu.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2022 i ndáil leis an gcreat a chur ar bun, an 31 Nollaig 2022 chun caighdeáin ardoideachais a leasú agus an 31 Lúnasa 2026 chun spriocanna uas-scilithe digiteacha a bhaint amach.

Infheistíocht: 2.3.2.1.i. Scileanna digiteacha do dhaoine, an óige san áireamh

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta bearta tacaíochta a chur ar fáil chun scileanna digiteacha a shealbhú do dhaoine ó gach grúpa den tsochaí, go háirithe an óige; cur chuige córasach a thabhairt isteach i mbardais chun scileanna digiteacha a fhorbairt; litearthacht dhigiteach agus theicneolaíoch daoine óga a fhorbairt lasmuigh den oideachas foirmiúil.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht scileanna digiteacha féinseirbhíse (cúrsaí ríomhfhoghlama) a fhorbairt; bearta féinoiliúna agus bearta oiliúna digití eile a sholáthar ar an leibhéal áitiúil; gníomhaíochtaí nuálaíochta teicneolaíochta i gcomhréir leis na Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le Cruthaitheacht Teicneolaíochta chun teicneolaíocht na hóige agus cumas nuálaíochta a fhorbairt; Cláracha Gaeilge don aos óg. Is é is aidhm don infheistíocht bunscileanna digiteacha a chur ar fáil do 50 000 duine ar a laghad, agus cláir scileanna digiteacha a chur i gcrích don óige i ngach ceann de na 42 bhardas.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024 chun cúrsa ríomhfhoghlama a fhorbairt; cuirfear oiliúint, gníomhaíochtaí nuálaíochta teicneolaíochta agus cláir bhardasacha chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 2.3.2.2.i. Scileanna agus cumais claochlaithe dhigitigh rialtais stáit agus áitiúil a fhorbairt

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta scileanna fostaithe an riaracháin phoiblí sa chlaochlú digiteach agus an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí a mhéadú, chun beartais a fhorbairt a bheidh oiriúnach don ré dhigiteach.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht inniúlacht agus acmhainneacht dhigiteach fostaithe rialtais náisiúnta agus rialtais áitiúil a mhéadú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 2.3.2.3.i. An deighilt dhigiteach a dhúnadh d'fhoghlaimeoirí agus d'institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta rochtain ar ábhar foghlama a sholáthar agus ligean do dhaltaí ó ghrúpaí atá leochaileach go sóisialta páirt a ghlacadh sa phróiseas cianfhoghlama. Formheasfar creat chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme in institiúidí oideachais faoi dheireadh 2021.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht trealamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a cheannach don oideachas ginearálta, chun tacú le daltaí ó ghrúpaí atá leochaileach go sóisialta. Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú: 2.4.1.r. Forbairt bonneagair leathanbhanda

Is iad cuspóirí an athchóirithe tiomáint uathoibrithe nasctha a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear trí shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú tríd an nuálaíocht.

Is éard atá san athchóiriú ceanglais theicniúla a ghlacadh maidir leis an tiomáint nasctha agus uathoibrithe, agus samhail choiteann a ghlacadh chun an 'míle deireanach' a fhorbairt.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2021.

Infheistíocht: 2.4.1.1.i. [scriosta]

Infheistíocht: 2.4.1.2.i. Forbairt bonneagair leathanbhanda nó líonra fíor-ardacmhainne 'an míle deireanach'

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta deiseanna a chruthú don fhorbairt réigiúnach agus éileamh ar sheirbhísí digiteacha nua a spreagadh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht rochtain ar líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainne a chur ar fáil do 6 200 teaghlach, gnólacht agus spreagthaí socheacnamaíocha.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
27	**2.1.1.r.** **Próisis agus seirbhísí náisiúnta agus an claochlú digiteach a nuachóiriú**	Garsprioc	Creat a bhunú chun bainistiú rialachais aontaithe a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forbartha TFC sa riarachán poiblí	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2022	Tháinig Rialacháin Cabinet na nAirí lena leagtar síos nósanna imeachta coiteanna chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forbartha TFC i bhfeidhm. Chun go mbeidh na rialacháin nua infheidhme maidir le gach gníomhaíocht forbartha TFC laistigh de raon feidhme bhearta phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia (lena n-áirítear bardais), leathnófar raon feidhme Dhlí na gCóras Faisnéise Stáit. Má chuirtear moill ar ghlacadh na leasuithe ar an dlí, rialachán sealadach chun creat normatach sonrach a fhorlíonadh le haghaidh rialacháin shonracha maidir le gníomhaíochtaí tionscadail TFC faoi seach arna n-eisiúint.
28	**2.1.1.r.** **Próisis agus seirbhísí náisiúnta agus an claochlú digiteach a nuachóiriú**	Garsprioc	Creat normatach a bhunú chun tacaíocht a fháil i réimse chlaochlú digiteach na bpróiseas agus na seirbhísí riaracháin phoiblí	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Tháinig rialachán Cabinet na nAirí i bhfeidhm chun tacaíocht a dheonú i réimse an chlaochlaithe dhigitigh ar phróisis agus ar sheirbhísí riaracháin phoiblí

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
29	**2.1.1.1.i. Nuachóiriú riaracháin agus claochlú digiteach seirbhísí, lena n-áirítear an timpeallacht ghnó**	Sprioc	Tuairiscí ar ghníomhaíochtaí forbartha réiteach TFC arna bhforbairt agus arna gcomhchuibhiú		Líon	0	11	R3	2023	Forbrófar samhlacha coincheapa na dtuairiscí ar réitigh (córais) TFC i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil a glacadh maidir le rialachas TFC. Sainítear gníomhaíochtaí forbartha TFC sna tuairiscí chun réitigh TFC a fhorbairt nó a nuachóiriú sna 4 réimse seo a leanas ar a laghad: 1) an earnáil gnóthaí baile, lena n-áirítear cosaint shibhialta, maoirseacht ar shábháilteacht ó dhóiteán agus sábháilteacht phoiblí; 2) earnáil an chultúir, lena n-áirítear carnadh oidhreacht na gcartlann, na leabharlann, na músaem, na séadchomharthaí cultúrtha agus ábhar na meán; 3) seirbhísí lóistíochta calafoirt a bhainistiú; tacaíocht do phróisis bhainistíochta TFC.
30	**2.1.1.1.i. Nuachóiriú riaracháin agus claochlú digiteach seirbhísí, lena n-áirítear an timpeallacht ghnó**	Sprioc	Réitigh TFC a sholáthar le haghaidh feidhmeanna riaracháin phoiblí nuachóirithe (lena n-áirítear córais)		Líon	0	11	R3	2026	Déanfar an fheidhm riaracháin phoiblí a nuachóiriú leis na réitigh agus na córais TFC seo a leanas atá ag feidhmiú go hiomlán sna 4 réimse seo a leanas ar a laghad: 1) an earnáil gnóthaí baile, lena n-áirítear cosaint shibhialta, maoirseacht ar shábháilteacht ó dhóiteán

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										agus sábháilteacht phoiblí; 2) earnáil an chultúir, lena n-áirítear carnadh oidhreacht na gcartlann, na leabharlann, na músaem, na séadchomharthaí cultúrtha agus ábhar na meán; 3) seirbhísí lóistíochta calafoirt a bhainistiú; tacaíocht do phróisis bhainistíochta TFC.
31	**2.1.2.r.** **Éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht a mhéadú maidir le húsáid acmhainní náisiúnta TFC**	Garsprioc	Bunú an chreata dhlíthiúil chun tacaíocht a fháil i réimse fhorbairt na gcóras lárnach agus na n-ardán lárnach riaracháin phoiblí agus chomhdhlúthú na seirbhísí bonneagair ríomhaireachta	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil chun tacaíocht a dheonú i réimse fhorbairt na gcóras lárnach TF agus na n-ardán riaracháin phoiblí agus chomhdhlúthú na seirbhísí bonneagair ríomhaireachta
32	**2.1.2.1.i.** **Ardáin, córais agus seirbhísí comhroinnte láraithe**	Sprioc	Formheas pleananna forbartha chun feidhmeanna láraithe TFC agus seirbhísí comhroinnte a chruthú, a chlaochlú nó a chur in úsáid		Líon	0	15	R1	2023	Sula ndéanfar infheistíochtaí i bhforbairt feidhmeanna láraithe nó seirbhísí comhroinnte, ullmhóidh an institiúid fhreagrach an fheidhm láraithe TFC nó an plean forbartha seirbhíse comhroinnte (lena n-áirítear maidir le maoiniú seirbhísí) agus gheobhaidh sí formheas ina leith.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
33	**2.1.2.1.i.** **Ardáin, córais agus seirbhísí comhroinnte láraithe**	Sprioc	Tuairiscí comhchuibhithe ar ghníomhaíochtaí forbartha réiteach láraithe TFC a fhormheas		Líon	0	15	R3	2023	Formheasfar tuairiscí comhchuibhithe chun gníomhaíochtaí forbartha TFC ardán agus córas láraithe a shainiú. Forbrófar na réitigh TFC (córais TFC) i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil arna ghlacadh maidir le rialachas TFC.
34	**2.1.2.1.i.** **Ardáin, córais agus seirbhísí comhroinnte láraithe**	Sprioc	Líon na n-ardán agus na gcóras láraithe TFC arna mbunú agus arna n-oibriú		Líon	0	15	R3	2026	Beidh na hardáin nó na córais láraithe TFC seo a leanas i bhfeidhm: 1) ardáin seachadta seirbhísí poiblí — 4; 2) ardáin feidhmeanna earnála agus tacaíochta — 5; 3) ardáin agus córais chomhroinnte do bhardais — 6.
35	**2.1.2.2.i.** **Néal Cónaidhme Náisiúnta na Laitvia**	Sprioc	Líon na n-ardán nó na gcóras arna n-oibriú ag soláthraithe seirbhíse comhroinnte trí néalseirbhísí comhroinnte		Líon	0	4	R4	2024	Measfar an sprioc a bheith comhlíonta nuair a oibríonn gach ceann de na ceithre sholáthraí seirbhísí comhroinnte (Lárionad Raidió agus Teilifíse na Laitvia, Leabharlann Náisiúnta na Laitvia, Ionad Faisnéise na hAireachta Gnóthaí Baile, an Aireacht Talmhaíochta) ardán náisiúnta nó córas faisnéise amháin ar a laghad trí néalseirbhísí

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										comhroinnte, lena n-áirítear cothromú acmhainneachta agus aisghabháil chúltaca in ionad sonraí atá cianda go fisiciúil.
36	**2.1.2.2.i.** **Néal Cónaidhme Náisiúnta na Laitvia**	Sprioc	Líon na n-ardán nó na gcóras arna n-oibriú ag soláthraithe seirbhíse comhroinnte trí néalseirbhísí comhroinnte		Líon	0	10	R3	2026	Measfar an sprioc a bheith comhlíonta nuair a oibríonn ceithre sholáthraí seirbhíse comhroinnte le chéile (Lárionad Raidió agus Teilifíse na Laitvia, Leabharlann Náisiúnta na Laitvia, Ionad Faisnéise na hAireachta Gnóthaí Baile, an Aireacht Talmhaíochta) deich n-ardán riaracháin phoiblí nó córas faisnéise ar a laghad trí néalseirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear cothromú acmhainneachta agus aisghabháil chúltaca in ionad sonraí atá cianda go fisiciúil.
37	**2.1.3.r.** **An geilleagar náisiúnta sonraí eacnamaíocha agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil chun tacaíocht a fháil i réimse an chlaochlaithe ar bhainistiú sonraí eacnamaíocha	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil chun tacaíocht a dheonú i réimse an chlaochlaithe ar bhainistiú sonraí eacnamaíocha arna chomhchuibhiú ag Comh-Aireacht na nAirí
38	**2.1.3.r.** **An geilleagar náisiúnta sonraí eacnamaíocha**	Garsprioc	Creat dlíthiúil maidir le feidhmiú an ardáin náisiúnta	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Áiritheofar cur chun feidhme rathúil an athchóirithe trí theacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil lena sonrófar na

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt		um scaipeadh sonraí							gnéithe seo a leanas den ardán náisiúnta: 1. bainistiú comhroinnte sonraí, lena n-áirítear an próiseas malartaithe sonraí san ardán lárnach um malartú sonraí; 2. cearta agus dualgais na n-institiúidí rannpháirteacha maidir le sonraí a chomhroinnt agus a scaipeadh laistigh den ardán lárnach um malartú sonraí, 3. próiseáil aonfhoirmeach agus éascaithe sonraí pearsanta laistigh den ardán lárnach um malartú sonraí.
39	**2.1.3.1.i.** **Infhaighteacht, comhroinnt agus anailís sonraí**	Sprioc	Earnálacha a bhfuil tacair sonraí ábhartha ar fáil ina leith ar na hardáin náisiúnta cúrsaíochta sonraí, lena n-áirítear ardáin dáileacháin rialaithe, tairseacha geothairsí nó sonraí oscailte		Líon	0	10	R3	2026	Soláthróidh na hardáin láraithe náisiúnta um bainistiú agus scaipeadh sonraí rochtain ar thacair sonraí lena gcumhdaítear 10 n-earnáil agus réimse éagsúla riaracháin phoiblí ar a laghad, lena n-áirítear na 8 n-earnáil agus réimse seo a leanas: gnó, eolaíocht, comhshaol, airgeadas, soláthar poiblí, cúram sláinte, tréidliacht agus

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										talmhaíocht (sonraí geospásúla).
40	**2.2.1.r.** **Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach**	Garsprioc	Bunaíodh an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (EDIH)	Bunaíodh an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (EDIH)	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Beidh an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach i bhfeidhm i gcomhréir le tosaíochtaí an Chláir don Eoraip Dhigiteach agus beidh sé mar chuid de líonra de Mhol Nuálaíochta Digití Eorpach coiteann. Feidhmeoidh sé mar ionad ilfhreastail chun claochlú digiteach gnólachtaí a chomhordú. Is é is aidhm dó cur chuige coiteann agus malartú faisnéise a áirithiú maidir le lárionaid ghnó réigiúnacha, tástáil aibíochta digití agus tacaíocht stáit.
41	**2.2.1.r.** **Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach**	Garsprioc	Cuireann lárionaid tacaíochta gnó réigiúnacha feidhmeanna nua tacaíochta ar fáil don chlaochlú digiteach	Cuireann lárionaid tacaíochta gnó réigiúnacha feidhmeanna tacaíochta ar fáil don chlaochlú digiteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2022	Beidh tús curtha ag na lárionaid tacaíochta gnó réigiúnacha leis na feidhmeanna tacaíochta nua seo a leanas don chlaochlú digiteach a sholáthar: 1. Tástálacha aibíochta digití i réigiúin; 2. Rochtain ar thástáil agus ar phíolótú; 3. Meantóireacht agus oiliúint i scileanna digiteacha.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
42	**2.2.1.r.** **Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach**	Garsprioc	Córas tástála aibíochta digití a bhunú d'eintitis chun na gníomhaíochtaí is gá do na heintitis agus don tacaíocht stáit a shainaithint.	Córas tástála aibíochta digití i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Bunófar córas tástála aibíochta digití le haghaidh eintiteas. Is uirlis dhigiteach í an tástáil aibíochta digití atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EDIH, lena ndéantar measúnú ar aibíocht dhigiteach eintitis i ngnéithe éagsúla agus a fhéadfaidh an t-eintiteas a líonadh isteach go neamhspleách nó le cabhair sainchomhairleora.
43	**2.2.1.1.i.** **Tacaíocht chun Moil Nuálaíochta Digití agus Pointí Teagmhála Réigiúnacha a bhunú**	Sprioc	Líon na dtreochlár claochlaithe dhigitigh a d'eisigh na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha (EDIH) d'eintitis	Neamhbhainteach	Treochláir eisithe	0	1 400	R2	2024	Líon na dtreochlár claochlaithe dhigitigh a d'eisigh na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha d'eintitis. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
44	**2.2.1.1.i.** **Tacaíocht chun Moil Nuálaíochta Digití agus Pointí Teagmhála Réigiúnacha a bhunú**	Sprioc	Líon na dtreochlár claochlaithe dhigitigh a d'eisigh na Moil Nuálaíochta Digití	Neamhbhainteach	Treochláir eisithe	1 400	2 000	R2	2026	Líon na dtreochlár claochlaithe dhigitigh a d'eisigh na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha d'eintitis. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			Eorpacha (EDIH) d'eintitis							roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
44a	**2.2.1.1.i.** **Tacaíocht chun Moil Nuálaíochta Digitaí agus Pointí Teagmhála Réigiúnacha a bhunú**	Garsprioc	Tacaíocht do chlaochlú digiteach eintiteas ó na Moil Nuálaíochta Digitaí Eorpacha (EDIH)	Pacáistí oibre na Mol Nuálaíochta Digitaí Eorpach (EDIH) curtha i gcrích	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2026	Tabharfar na pacáistí oibre uile de Mhoil Nuálaíochta Digitaí Eorpacha i gcrích, cé is moite díobh siúd a chistítear leis an gClár don Eoraip Dhigiteach.
45	**2.2.1.2.i.** **Tacaíocht do dhigitiú próiseas i ngníomhaíochtaí tráchtála**	Sprioc	Líon na n-eintiteas a fhaigheann tacaíocht chun próisis i ngníomhaíocht tráchtála a dhigitiú agus ar tháinig feabhas ar thoradh na tástála aibíochta digitaí ina leith, in aghaidh an toraidh tástála roimhe sin, tar éis deontas a fháil agus an tionscadal a chur i gcrích		Eintitis dá dtugtar tacaíocht	0	80	R2	2024	Forghníomhófar an sprioc nuair a bheidh conradh tugtha i gcrích idir an t-eintiteas agus Gníomhaireacht Infheistíochta agus Forbartha na Laitvia chun an deontas a fháil agus nuair a bhreathnaítear feabhsuithe ar thoradh na tástála sa Tástáil Aibíochta Digitaí arís agus arís eile.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
46	**2.2.1.2.i.** **Tacaíocht do dhigitiú próiseas i ngníomhaíochtaí tráchtála**	Sprioc	Líon na n-eintiteas a fhaigheann tacaíocht chun próisis i ngníomhaíocht tráchtála a dhigitiú agus ar tháinig feabhas ar thoradh na tástála aibíochta digití ina leith, in aghaidh an toraidh tástála roimhe sin, tar éis deontas a fháil agus an tionscadal a chur i gcrích		Eintitis dá dtugtar tacaíocht	80	200	R2	2026	Forghníomhófar an sprioc nuair a bheidh conradh tugtha i gcrích idir an t-eintiteas agus Gníomhaireacht Infheistíochta agus Forbartha na Laitvia chun an deontas a fháil agus nuair a bhreathnaítear feabhsuithe ar thoradh na tástála sa Tástáil Aibíochta Digití arís agus arís eile.
47	**2.2.1.3.i.** **Tacaíocht do thabhairt isteach táirgí agus seirbhísí nua i mbun gnó**	Sprioc	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht	Neamhbhainteach	Tionscadail dá dtugtar tacaíocht	0	14	R2	2024	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le 14 thionscadal. .
48	**2.2.1.3.i.** **Tacaíocht do thabhairt isteach táirgí agus seirbhísí nua i mbun gnó**	Sprioc	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht	Neamhbhainteach	Tionscadail dá dtugtar tacaíocht	14	43	R2	2026	Síneofar comhaontuithe deontais chun tacú le 29 dtionscadal breise.
49	**2.2.1.3.i.** **Tacaíocht do thabhairt isteach táirgí agus**	Sprioc	Maoiniú príobháideach geallta	Neamhbhainteach	EUR	0	4 860 000	R2	2026	Méid an mhaoinithe phríobháidigh a gealladh do thionscadail dá dtugtar

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	seirbhísí nua i mbun gnó									tacaíocht chun táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt isteach.
50	**2.2.1.4.i.** **Ionstraimí airgeadais chun claochlú digiteach oibreoirí eacnamaíocha a éascú**	Sprioc	Líon na gconarthaí iasachta a síníodh	Neamhbhaintech	Líon na n-iasachtaí	0	51	R2	2024	Líon na gconarthaí iasachta arna síniú idir Altum agus oibreoirí eacnamaíocha chun tacú le tionscadail claochlaithe dhigitigh Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
51	**2.2.1.4.i.** **Ionstraimí airgeadais chun claochlú digiteach oibreoirí eacnamaíocha a éascú**	Sprioc	Líon na gconarthaí iasachta a síníodh	Neamhbhaintech	Líon na n-iasachtaí	51	65	R2	2026	Líon na gconarthaí iasachta a síníodh idir Altum agus oibreoirí eacnamaíocha chun tacú le tionscadail claochlaithe dhigitigh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
52	**2.2.1.4.i.** **Ionstraimí airgeadais chun claochlú digiteach oibreoirí eacnamaíocha a éascú**	Sprioc	Maoiniú príobháideach geallta		EUR	0	45 300 000	R2	2026	Méid an mhaoinithe phríobháidigh a gealladh do thionscadail dá dtugtar tacaíocht le haghaidh chlaochlú digiteach na n-oibreoirí eacnamaíocha.
53	**2.2.1.5.i.** **Claochlú digiteach chuideachtaí na meán a chothú**	Sprioc	Líon na n-ardán agus na réiteach digiteach a cruthaíodh	Neamhbhainteach	Líon	0	3	R2	2025	Rinneadh trí ardán nó réiteach TF in earnáil na meán a chruthú, a thástáil agus a chur ar fáil d'úsáideoirí.
54	**2.2.1.5.i.** **Claochlú digiteach chuideachtaí na meán a chothú**	Sprioc	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht	Neamhbhainteach	Tionscadail dá dtugtar tacaíocht	0	10	R2	2026	Meastar an táscaire a bheith comhlíonta nuair a bheidh conradh tugtha i gcrích idir an t-oibreoir agus CFCA chun deontas a fháil chun an tionscadal a chur i gcrích (chun réitigh theicneolaíocha a fhorbairt, scileanna digiteacha nó samhlacha gnó a fheabhsú in earnáil na meán).
56	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Sprioc	Sciar na ndaoine fásta (25-64 bliana d'aois) a bhí páirteach san fhoghlaim aosach le ceithre seachtaine		%	6,6	8	R4	2025	Cinntear an sprioc atá le baint amach faoi chuimsiú an phlean ar bhonn sprioc mheántéarmach dhoiciméad pleanála beartais meántéarmach na Laitvia — Treoirlínte Forbartha Oideachais 2021-2027, atá beartaithe le formheas ag

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			anuas roimh an suirbhé (%)							Comh-Aireacht na nAirí faoi lár 2021 — rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a mhéadú ó 6.6 % (2020) go 12 % (2027), is é sin rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a mhéadú go 8 % faoi 2025. Tá baint dhíreach ag baint amach na sprice le bearta athchóirithe atá beartaithe chun foghlaim aosach a fhorbairt.
57	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Garsprioc	Tacaíocht fheabhsaithe chun oiliúint a chur ar fhostaithe	Tá gníomhartha dlíthiúla tagtha i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Tá gníomhartha dlíthiúla tagtha i bhfeidhm lena ndéantar an méid seo a leanas: 1) Cóireáil cánach níos fabhraí a thabhairt isteach sa Dlí maidir le Cáin Ioncaim Phearsanta ar tháillí teagaisc a chumhdaíonn fostóirí d'ardoideachas fostaithe; 2) Dlí an tSaothair a leasú chun cur leis an gceart atá ag fostaithe páirt a ghlacadh in oiliúint a bhaineann le cúraimí gairmiúla; 3) Treoracha Cabinet na nAirí a ghlacadh chun ullmhú na mbeart tacaíochta d'fhostóirí chun oiliúint a chur ar fhostaithe a chaighdeánú.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
57a	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Garsprioc	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta "Straitéis Forbartha Caipitil an Duine"	Tá an Rialtas tar éis an Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2025	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta "An Straitéis Forbartha Caipitil Dhaonna" ag Comh-Aireacht na nAirí.
58	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Garsprioc	Coincheap na gcistí scileanna a fhorbairt	Tháinig Rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2024	Tháinig Rialacháin Comh-Aireachta maidir le Cistí Scileanna a Chur i bhFeidhm i bhfeidhm, lena sainítear bunú na gcistí scileanna agus cearta agus freagrachtaí na bpáirtithe lena mbaineann.
59	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Sprioc	Cistí scileanna a phíolótú	Cistí Scileanna a Chruthú	Líon	0	3	R2	2026	Trí thionscadal phíolótacha maidir le Cistí Scileanna. Is é is aidhm don treoirthionscadal measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé cur chuige den sórt sin a thabhairt isteach i gcomhthéacs na Laitvia, lena n-áirítear trí ghnéithe a thástáil amhail (a) comhréireacht agus dinimic na comhinfheistíochta poiblí agus príobháidí le himeacht ama, (b) an tsamhail chomhair idir fiontair agus eagraíochtaí oibrithe in earnálacha chun fís choiteann a fhorbairt maidir le riachtanais foghlama, lena n-áirítear 'scileanna a bheidh ann amach anseo' san earnáil agus in

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										earnálacha gaolmhara, (c) plean cur chun feidhme le haghaidh oiliúint san earnáil, lena n-áireofar oiliúint a chur ar fhostaithe nua, athoiliúint a chur orthu siúd atá fostaithe in earnálacha eile agus uas-sciliú oibrithe atá ann cheana.
60	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Garsprioc	Cur chuige na gCuntas Foghlama Aonair (ILA) a fhorbairt	Tháinig Rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Teacht i bhfeidhm Rialachán lena sonraítear an cur chuige chun an cuntas foghlama aonair a fhorbairt, lena n-áirítear: (a) critéir incháilitheachta a leagan síos, (b) critéir a leagan síos chun soláthraithe oideachais a roghnú.
61	**2.3.1.r.** **Creat tacaíochta don fhoghlaim aosach atá inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a fhorbairt**	Sprioc	Cur chuige an chuntais foghlama aonair a phíolótú		Líon	0	1	R3	2026	Cuireadh treoirthionscadal amháin i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar bhunú réiteach na gcuntas foghlama aonair is oiriúnaí do staid na Laitvia. Táthar ag súil go mbeidh 3 500 duine páirteach sa treoirthionscadal atá i mbun na cuntais foghlama aonair a bhunú agus na cuntais foghlama aonair sin a riar agus sonraí a stóráil maidir le rannpháirtíocht agus cruthaitheoirí aschuir le linn an tionscadail.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
62	**2.3.1.1.i.** **Scileanna digiteacha ardleibhéil a chur ar fáil**	Sprioc	Líon na ngairmithe (gnó, an earnáil acadúil agus an earnáil phoiblí) agus na mac léinn a bhfuil ardscileanna digiteacha acu i dteicneolaíochtaí candamacha, i dteicneolaíochtaí ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus teanga		Líon	0	3 000	R3	2026	Líon na speisialtóirí gnó, na ngairmithe acadúla agus taighde chomh maith le gairmithe san earnáil phoiblí, mic léinn ardoideachais agus páirtithe leasmhara eile a fuair tacaíocht chun freastal ar mhodúil oiliúna ardscileanna digiteacha i dteicneolaíochtaí candamacha, sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus i dteicneolaíochtaí teanga. Tá sé beartaithe thart ar 20 modúl staidéir a fhorbairt lena gcur san áireamh i gcláir bhaitsiléara, mháistreachta agus dhochtúireachta i ngach grúpa téamach oideachais, chomh maith le cláir oideachais aosaigh do ghairmithe atá fostaithe i bhfiontair agus i ngeallsealbhóirí eile a bhfuil bonn eolais iomchuí acu. Is éard a bheidh in ábhar na modúl staidéir an t-eolas atá carntha go dtí seo i réimsí na ríomhaireachta ardfheidhmíochta, na dteicneolaíochtaí candamacha agus na dteicneolaíochtaí teanga, chomh maith le torthaí an taighde arna dhéanamh faoin

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
63	**2.3.1.2.i. Scileanna digiteacha fiontar a fhorbairt**	Sprioc	Líon na gcúrsaí oiliúna maidir le bunscileanna digiteacha a chuirtear ar fáil d'fhiontair	Neamhbhaintech	Líon	0	628	R2	2024	Líon na gcúrsaí oiliúna maidir le bunscileanna digiteacha a chuirtear ar fáil d'fhiontair.
64	**2.3.1.2.i. Scileanna digiteacha fiontar a fhorbairt**	Sprioc	Líon na gcúrsaí oiliúna maidir le bunscileanna digiteacha a chuirtear ar fáil d'fhiontair.	Neamhbhaintech	Líon	628	2 080	R2	2026	Líon na gcúrsaí oiliúna maidir le bunscileanna digiteacha a chuirtear ar fáil d'fhiontair.
65	**2.3.1.3.i. Cur chuige foghlama féinbhainistithe a fhorbairt le haghaidh speisialtóirí TFC**	Sprioc	Líon na speisialtóirí TFC a fuair oiliúint i gcur chuige foghlama seachfhoirmiúla	Neamhbhaintech	Líon	0	1 000	R3	2026	Gairmithe a bhfuil baint acu le hoiliúint féinbhainistithe TFC a bhfuil céim foghlama amháin ar a laghad bainte amach acu.
66	**2.3.1.4.i. An cur chuige maidir le cuntais foghlama aonair a fhorbairt**	Sprioc	Daoine fásta a fhaigheann tacaíocht chun scileanna digiteacha a shealbhú trí acmhainní cuntais foghlama aonair	Neamhbhaintech	Líon	0	1 000	R4	2024	Daoine fásta a fhaigheann tacaíocht chun scileanna digiteacha a shealbhú trí acmhainní cuntais foghlama aonair

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
67	**2.3.1.4.i. An cur chuige maidir le cuntais foghlama aonair a fhorbairt**	Sprioc	Daoine fásta a fhaigheann tacaíocht chun scileanna digiteacha a shealbhú trí acmhainní cuntais foghlama aonair	Neamhbhainteach	Líon	1 000	3 500	R3	2026	Daoine fásta a fhaigheann tacaíocht chun scileanna digiteacha a shealbhú trí acmhainní cuntais foghlama aonair
68	**2.3.2.r.** **Scileanna digiteacha le haghaidh chlaochlú digiteach na sochaí agus an rialtais**	Sprioc	Scileanna digiteacha a uas-sciliú 16-74: saoránaigh a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu.	Neamhbhainteach	%	43 (2020)	54	R3	2026	Sciar na ndaoine sa Laitvia a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu. Tá baint amach na sprice nasctha go díreach leis na bearta athchóirithe atá beartaithe, lena n-áirítear struchtúr na leibhéal scileanna digiteacha a neartú, rud a fhágann gur féidir iad a mheasúnú ar bhonn cur chuige coiteann agus bearta oiliúna iomchuí a cheapadh chun iad a fheabhsú, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach leis na gníomhaíochtaí oiliúna sin agus ar a n-ábharthacht do na cuspóirí a leagtar síos.
69	**2.3.2.r** **Scileanna digiteacha le haghaidh chlaochlú digiteach na sochaí agus an rialtais**	Garsprioc	Leis an gcreat normatach, neartaítear agus cuirtear chun feidhme creat coiteann chun measúnú a	Tháinig an creat rialála i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Tháinig gníomhartha reachtacha i bhfeidhm lena mbunaítear creat coiteann chun measúnú a dhéanamh ar bhunscileanna digiteacha, chun riachtanais oiliúna a shainaithint agus a phleanáil agus chun measúnú a

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			dhéanamh ar bhunscileanna digiteacha, chun riachtanais oiliúna agus measúnú a shainaithint agus a phleanáil							dhéanamh bunaithe ar DigiComp 2.1.
70	**2.3.2.r** **Scileanna digiteacha le haghaidh chlaochlú digiteach na sochaí agus an rialtais**	Garsprioc	Tháinig leasuithe i bhfeidhm ar ghníomhartha normatacha maidir le caighdeáin náisiúnta ardoideachais, lena mbeartaítear torthaí an staidéir ar inniúlacht dhigiteach a bhaint amach ar na leibhéil chomhfhreagracha de Chreat Cáilíochta na Laitvia.	Tháinig creat rialála leasaithe i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Tá leasuithe ar chaighdeáin náisiúnta ardoideachais (Caighdeán Stáit don Ardoideachas Acadúil agus Caighdeán Náisiúnta don Ardoideachas) tagtha i bhfeidhm. Bunóidh siad na torthaí atá le baint amach maidir le hinniúlachtaí digiteacha a fháil agus áiritheoidh siad go gcuirfear i bhfeidhm iad i bhforbairt, i gceadúnú agus i gcreidiúnú clár ardoideachais, ar choinníoll go n-áireofar i gcláir staidéir arna dtarraingt suas, arna gceadúnú agus arna gcreidiúnú tar éis theacht i bhfeidhm an chreata rialála na torthaí staidéir indéanta sin agus cúrsaí nó modúil iomchuí chun iad a bhaint amach.
71	**2.3.2.1.i**	Sprioc	Líon na ndaoine a ghlac páirt in oiliúint	Neamhbhainteach	Líon	0	15 000	R4	2024	Líon na ndaoine a ghlac páirt in oiliúint chun scileanna

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Scileanna digiteacha do dhaoine, an óige san áireamh									digiteacha féinseirbhíse a fheabhsú.
72	**2.3.2.1.i** **Scileanna digiteacha do dhaoine, an óige san áireamh**	Sprioc	Líon na ndaoine a ghlac páirt in oiliúint nó i ngníomhaíochtaí nuálaíochta teicneolaíochta san obair dhigiteach don óige	Neamhbhainteach	Líon	15 000	50 000	R3	2026	Mar thoradh ar an infheistíocht, forbraíodh agus cuireadh chun feidhme an cur chuige foghlama scileanna féinseirbhíse digití (cúrsa ríomhfhoghlama) agus na Treoirlínte maidir le Cruthaitheacht Theicneolaíoch chun teicneolaíocht na hóige agus cumas nuálaíochta a fhorbairt in obair dhigiteach don óige, ghlac 40 000 duine ar a laghad páirt san oiliúint chun scileanna féinseirbhíse digiteacha a fheabhsú (as na féinoiliúintí sin tá 5 000 duine ar a laghad bainte amach); agus ghlac 10 000 duine ar a laghad páirt i ngníomhaíochtaí nuálaíochta teicneolaíochta san obair dhigiteach don óige.
73	**2.3.2.1.i** **Scileanna digiteacha do dhaoine, an óige san áireamh**	Sprioc	Líon na mbardas a bhfuil cláir forbartha scileanna digiteacha acu do dhaoine óga	Neamhbhainteach	Líon	0	42	R3	2026	Mar thoradh ar infheistíochtaí, rinne 42 bhardas cláir gníomhaíochtaí a shainiú agus a chur chun feidhme go hiomlán chun a áirithiú go sealbhófar agus go n-úsáidfear scileanna digiteacha san obair óige, go gcruthófar timpeallacht dhigiteach don obair óige agus go gcothófar rannpháirtíocht

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										daoine óga i bpróisis rialtais áitiúil
74	**2.3.2.2.i Scileanna agus cumais claochlaithe dhigitigh stáit agus rialtais áitiúil a fhorbairt**	Garsprioc	Creat scileanna digiteacha an riaracháin phoiblí arna fhorbairt	Tá creat scileanna digiteacha ar fáil i gcóras Bainistíochta Oiliúna Scoile an Riaracháin Stáit agus tá sé formheasta ag gníomh rialála inmheánach de chuid Scoil an Riaracháin Stáit	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach		R2	2023	Forbrófar creat scileanna digiteacha riaracháin phoiblí, lena n-áirítear curaclaim.
75	**2.3.2.2.i Scileanna agus cumais claochlaithe dhigitigh stáit agus rialtais áitiúil a fhorbairt**	Sprioc	Líon na seisiún oiliúna i réimsí scileanna digiteacha arna gcur i gcrích ag fostaithe riaracháin phoiblí	Neamhbhainteach	Líon	0	25 160	R4	2024	Líon na n-oiliúintí ar an láthair agus ar líne i réimsí creata scileanna digiteacha de 1) bainistiú agus forbairt digitithe; 2) cruthú ábhar digiteach; 3) cibearshlándáil; cumarsáid agus comhoibriú; 5) litearthacht faisnéise agus sonraí; 6) scileanna idirdhisciplíneacha a chuir fostaithe riaracháin phoiblí i gcrích.
76	**2.3.2.2.i. Scileanna agus cumais claochlaithe dhigitigh rialtais stáit agus áitiúil a fhorbairt**	Sprioc	Líon na seisiún oiliúna i réimsí creata scileanna digiteacha arna gcur	Neamhbhainteach	Líon	25 160	62 900	R3	2026	Líon na n-oiliúintí ar an láthair agus ar líne i réimsí creata scileanna digiteacha de 1) bainistiú agus forbairt digitithe; 2) cruthú ábhar digiteach; 3)

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			i gcrích ag fostaithe riaracháin phoiblí							cibearshlándáil; cumarsáid agus comhoibriú; 5) litearthacht faisnéise agus sonraí; 6) scileanna idirdhisciplíneacha a chuir fostaithe riaracháin phoiblí i gcrích.
77	**2.3.2.3.i** **Deireadh a chur leis an deighilt dhigiteach do dhaltaí agus d'institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata rialála lena leagtar síos nósanna imeachta chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme	Teacht i bhfeidhm creata rialála lena leagtar síos nósanna imeachta chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2021	Teacht i bhfeidhm rialachán ó Chomh-Aireacht na nAirí lena leagtar síos critéir agus coinníollacha maidir le cianfhoghlaim a eagrú agus a sheoladh chun a áirithiú go ndéanfar an chianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme i ngach institiúid oideachais agus leibhéal oideachais sa Laitvia (seachas ar leibhéal na réamhscoile). Áireoidh an bhunaíocht oideachais ina rialacha inmheánacha creat chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear: 1. an nós imeachta trína sainaithneoidh an foras oideachais an bhfuil modhanna teicniúla ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun cianfhoghlaim a sholáthar, chomh maith leis na nósanna

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										imeachta chun na modhanna teicniúla sin a sholáthar mura bhfuil siad ar fáil d'fhoghlaimeoirí; 2. an nós imeachta chun rannpháirtíocht na ndaltaí sa chianfhoghlaim agus comhlíonadh na gcúraimí arna sannadh a thaifeadadh; 3. i gcásanna nach féidir leis an bhfoghlaimeoir a bheith rannpháirteach sa chianfhoghlaim nó ina gcuirtear isteach air ar chúiseanna teicniúla; na nósanna imeachta chun comhlíonadh na gceanglas sábháilteachta le linn cianfhoghlama a áirithiú agus na nósanna imeachta chun cumarsáid a dhéanamh le hionadaithe dlíthiúla an fhoghlaimeora i gcás rioscaí sábháilteachta nó sláinte; 5. An nós imeachta trína mbaineann foghlaimeoirí úsáid as acmhainní agus bonneagar institiúidí oideachais (áitreabh, leabharlanna, etc.) mar chuid den chianfhoghlaim.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
79	**2.3.2.3.i** **Deireadh a chur leis an deighilt dhigiteach do dhaltaí agus d'institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta**	Sprioc	Líon na n-aonad trealaimh TFC don spriocghrúpa (foghlaimeoirí)	Neamhbhaintech	Líon	0	26 620	R4	2023	Líon na n-aonad trealaimh TFC arna gceannach agus arna seachadadh chuig bardais nó go díreach chuig institiúidí oideachais le haghaidh oideachas ginearálta.
80	**2.4.1.r** **Forbairt bonneagair leathanbhanda**	Garsprioc	Ceanglas teicniúil a ghlacadh maidir leis an tiomáint nasctha agus uathoibrithe	Ceanglais theicniúla choiteanna a ghlacadh	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2021	1. Sainaithnítear le SJSC 'Latvian State Radio and Television Centre' na ceanglais theicniúla choiteanna le haghaidh oibreoirí cumarsáide leictreonaí chun tiomáint nasctha agus uathoibrithe a cheadú. Cuirfear san áireamh leis sin riachtanais na n-oibreoirí i gcomhar le hionadaithe na hEastóine, na Liotuáine agus na Polainne chun forbairt conaire tiomána nasctha agus uathoibrithe feadh rian Via Baltica a éascú. Tar éis don choiste soláthair ceanglais theicniúla choiteanna a ghlacadh.
81	**2.4.1.r** **Forbairt bonneagair leathanbhanda**	Garsprioc	Samhail choiteann a ghlacadh chun an míle deireanach a fhorbairt	Samhail choiteann a ghlacadh chun an míle deireanach a fhorbairt	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2021	1. Ar bhonn na staidéar a dhéanfar, tarraingeoidh an Aireacht Iompair suas plean forbartha don earnáil cumarsáide leictreonaí, lena n-áireofar dréacht-mhúnla.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										2. Mar thoradh ar thoradh an chomhairliúcháin phoiblí, déanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an tsamhail, a ghlacfar agus a chuirfear chun feidhme.
83	**2.4.1.2.i** **Forbairt bonneagair leathanbhanda nó líonra fíor-ardacmhainne 'an mhíle deiridh'**	Sprioc	Líon na dteaghlach, na ngnólachtaí, na scoileanna, na n-ospidéal agus na bhfoirgneamh poiblí eile a bhfuil rochtain acu ar an líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainne	Neamhbhaintech	Líon	0	6 200	R3	2026	Sainmhínítear an táscaire mar líon na dteaghlach, na ngnólachtaí, na scoileanna, na n-ospidéal agus na bhfoirgneamh poiblí eile a bhfuil rochtain acu ar líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainne le luasanna 100 Mbps ar a laghad.

C. COMHÁBHAR 3: DÍCHÁILÍOCHT A GHEARRADH

Is é cuspóir ginearálta na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an neamhionannas críochach agus sóisialta sa Laitvia, dúshláin atá níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19. Is é is aidhm don chomhpháirt neamhionannas a laghdú trí níos mó post a chruthú sna réigiúin, nascacht réigiúnach agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta a fheabhsú, tithíocht níos inacmhainne a sholáthar, bonneagar na scoile a fheabhsú, cuidiú le hoibrithe agus daoine dífhostaithe a uas-sciliú agus a athsciliú, an líontán sábhála sóisialta a neartú, feabhas a chur ar inrochtaineacht ar fhoirgnimh do dhaoine faoi mhíchumas, agus saoráidí nua cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine scothaosta. Tacaíonn na bearta uile sa chomhpháirt le ceachtar den dá phríomh-athchóiriú — an t-athchóiriú críochach riaracháin leanúnach agus an t-athchóiriú ioncaim íosta.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le heisiamh sóisialta, go háirithe chun feabhas a chur ar leordhóthanacht na sochar ioncaim íosta, na bpinsean seanaoise íosta agus na tacaíochta ioncaim do dhaoine faoi mhíchumas agus ar cháilíocht agus éifeachtúlacht an oideachais agus na hoiliúna, ag díriú ar oibrithe ar bheagán oiliúna agus ar chuardaitheoirí poist (Moladh Sonrach Tíre 2, 2019). Tacaíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar an moladh beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar sholáthar tithíochta inacmhainne, i bhfianaise éagothromaíochtaí réigiúnacha (Moladh Sonrach Tíre 3, 2019). Ar deireadh, tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh chun an líontán sábhála sóisialta a neartú agus tionchar na géarchéime ar an bhfostaíocht a mhaolú, lena n-áirítear trí bhearta agus scileanna gníomhacha feabhsaithe maidir leis an margadh saothair (Moladh Sonrach Tír 2, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: 3.1.1.r. Athchóiriú críochach riaracháin

Is é cuspóir ginearálta an athchóirithe sin feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí d'áitritheoirí na Laitvia agus feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó áitiúil trí líon na n-aonad riaracháin a laghdú agus trí éifeachtúlacht agus inrochtaineacht an tsoláthair seirbhíse a mhéadú. Na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu thíos (bóithre réigiúnacha agus áitiúla stáit a athchóiriú agus a atógáil, fothú acmhainneachta bardas áitiúil agus réigiún pleanála lena n-áirithítear seirbhísí poiblí níos éifeachtúla, forbairt bonneagair do pháirceanna tionsclaíocha, tithíocht inacmhainne, forbairt bonneagair scoile agus busanna scoile), tá siad nasctha leis an mbeart athchóirithe sin agus tacaíonn siad leis.

Áirítear leis an mbeart teacht i bhfeidhm Dlí Bhardais nua lena ndéantar athbhreithniú ar fheidhmeanna agus ar chúraimí na rialtas áitiúil. Áiritheofar leis an dlí nua rialachas níos fearr ar leibhéal an bhardais, deighilt agus roinnt níos soiléire inniúlachtaí idir an chinnteoireacht agus na cumhachtaí feidhmiúcháin, agus méadú ar rannpháirtíocht na saoránach i gcinnteoireacht na bpobal áitiúil.

Cé go bhféadfaidh an t-athchóiriú críochach riaracháin foriomlán leanúint ar aghaidh tar éis thráthchlár RRF, tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe shonraigh chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: 3.1.1.1.i. Feabhas a chur ar ghréasán na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla

Is é cuspóir ginearálta na hinfheistíochta seo bóithre réigiúnacha agus áitiúla stáit a athchóiriú nó a atógáil chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú chun nascacht na mbardas nua a áirithiú agus chun rochtain na saoránach ar phoist agus ar sheirbhísí a fheabhsú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart infheistíochta 210 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla stáit a athchóiriú nó a atógáil i gcomhréir le liosta tosaíochta de chuid na hAireachta um Chosaint an Chomhshaoil agus um Fhorbairt Réigiúnach arna shainiú i gcomhar le réigiúin phleanála, *Bóithre Stáit na Laitvia agus* an Aireacht Iompair. Mar ghníomhaíochtaí tionlacain faoi infheistíocht 1.1.1.1.i. Iompar iomaíoch paisinéirí d'iarnród laistigh de chomhchóras iompair phoiblí chathair Ríge, bunófar bonneagar luchtaithe traenacha ceallra-leictreacha i limistéar cathrach Ríge agus soláthrófar 17 bhfeithicil astaíochtaí ísle (busanna leictreacha) chun flít iompair phoiblí na Laitvia a chomhlánú. Cuirfear an príomhbheart infheistíochta chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht: 3.1.1.2.i. Acmhainneacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú

Is é cuspóir ginearálta na hinfheistíochta seo cáilíocht agus éifeachtúlacht seirbhísí bardasacha a fheabhsú tar éis atheagrú na riarachán áitiúil. Is é is aidhm do chumas méadaithe agus scileanna gairmiúla na mbardas cur ar a gcumas freastal níos fearr ar shaoránaigh.

Is éard atá sa bheart infheistíochta sin rialachán rialtais a ghlacadh lena sainítear raon feidhme agus paraiméadair na ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta sna bardais, measúnuithe ar sheirbhís phoiblí bhardasach, tacaíocht mhodheolaíoch agus fothú acmhainneachta foirne bardasaí a sholáthar, agus bealaí pleanála agus soláthair seirbhísí bardasacha a phíolótú. Ina theannta sin, sainaithneofar sa bheart easnaimh na seirbhísí rialtais áitiúil agus gníomhaíochtaí chun iad a fheabhsú. Ar deireadh, méadóidh an beart acmhainneacht 1 300 ball foirne de chuid na mbardas agus na réigiún pleanála trí oiliúint thiomnaithe, cuairteanna staidéir, malartú taithí, measúnú gairmiúil agus bearta fothaithe acmhainneachta eile.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí chun páirceanna tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin

Is é cuspóir ginearálta na hinfheistíochta seo tacú le bonneagar na gcriosanna tionsclaíocha agus infheisteoirí agus gnólachtaí a mhealladh chuig réigiúin na Laitvia lasmuigh de Ríge, rud a chuideoidh le poist ard-bhreisluacha atá dírithe ar onnmhairí a chruthú agus an deighilt forbartha idir réigiún Ríge agus an chuid eile den tír a laghdú.

Is éard atá sa bheart clár tacaíochta a ghlacadh chun páirceanna agus críocha tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin; conarthaí tairisceana agus dámhachtana chun páirceanna tionsclaíocha a fhorbairt do thairbhithe san earnáil phríobháideach nó phoiblí a bhfuil críoch thionsclaíoch nó straitéis forbartha páirce nó plean gnó forbartha acu; ceithre litir intinne nó conradh ar a laghad a shíniú le hoibreoirí páirceanna tionsclaíocha atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus/nó le tionóntaí ionchasacha lena ndéantar foráil maidir le hinfheistíochtaí breise ón earnáil phríobháideach de EUR 85 700 000 ar a laghad a mhealladh/a fhorghníomhú. Ar deireadh, áirítear leis an mbeart tógáil ceithre pháirc thionsclaíocha ar a laghad a bhfuil tábhacht náisiúnta leo sna réigiúin a chur i gcrích, lena n-áirítear naisc fóntais riachtanacha a bhunú (lena n-áirítear téamh, uisce agus séarachas, leictreachas), bóithre rochtana a athnuachan nó a shuiteáil gar do limistéir thionsclaíocha, chomh maith le forbairt foirgneamh atá beartaithe chun críoch tráchtála agus a mbonneagar gaolmhar. Mar thoradh ar an mbeart, cruthófar 328 bpost nua ar a laghad le meántuarastail a bheidh níos mó ná na meántuarastail san earnáil eacnamaíoch faoi seach.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;21 (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;22 (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí23 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;24 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun tithíocht ar chíos íseal a thógáil

Is é cuspóir ginearálta an bhirt seo soláthar tithíochta a spreagadh chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil, rannchuidiú le soghluaisteacht réigiúnach an lucht saothair, agus cuidiú le gairmithe oilte a mhealladh agus a choinneáil sna réigiúin.

Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil nua le haghaidh cíosanna chun cothromaíocht chóir a áirithiú idir leasanna an tionónta agus an tiarna talún agus chun réiteach díospóidí cíosa a éascú; straitéis inacmhainneachta tithíochta a ghlacadh; teacht i bhfeidhm rialacháin maidir le tithíocht ar chíos íseal lena sainítear méid, raon feidhme agus cineál na tacaíochta agus na gcritéar do thairbhithe; tionscadail a fhormheas le haghaidh 467 n-árasán ar a laghad, agus 300 árasán ar a laghad a thógáil laistigh de thráthchlár RRF. Beidh meánmhéid árasáin 52 m² ar a laghad agus an uasteorainn chíosa go táscach ag EUR 4.40/m². Comhlíonfaidh na tionscadail fhormheasta ceanglais ardcháilíochta: beidh na foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de agus déanfar tástálacha cáilíochta iomchuí (tomhais fhuaimiúla, tástáil tréscaoilteachta aeir foirgnimh) tráth a chuirfear i seirbhís iad.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

[21] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

[22] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[23] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[24] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Infheistíocht: 3.1.1.5.i. Bonneagar agus trealamh institiúidí oideachais a fhorbairt

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo cáilíocht na scoileanna réigiúnacha a fheabhsú trí infheistíocht a chúpláil le barrfheabhsú líonra na scoileanna.

Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil lena mbunaítear na critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla d'institiúidí ginearálta meánoideachais, glacadh 21 chinneadh ar a laghad ag rialtais áitiúla maidir le hatheagrú scoileanna, agus feabhsú bonneagar scoile. Leis na hinfheistíochtaí, cuirfear feabhas ar na saoráidí scoile, amhail riachtanais sláinteachais i seomraí ranga, líonraí innealtóireachta (lena n-áirítear córais aerála), soilsiú leordhóthanach atá tíosach ar fhuinneamh, agus réitigh chomhshaoil oideachais eirgeanamaíocha agus nua-aimseartha eile. Féadfar infheistíochtaí a phleanáil freisin chun teicneolaíocht faisnéise agus trealamh eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a cheannach, chun curaclaim fheabhsaithe nua a chur chun feidhme agus chun cianfhoghlaim agus foghlaim ar líne a chur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 3.1.1.6.i. Feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo feabhas a chur ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna bardasacha agus na seirbhísí gaolmhara agus béim á leagan ar shoghluaisteacht foghlaimeoirí sa líonra scoile barrfheabhsaithe. Cuspóir tánaisteach is ea rannchuidiú le glasú an iompair phoiblí sa Laitvia trí infheistíocht a dhéanamh i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha.

Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm rialacháin rialtais lena leagtar amach na coinníollacha do bhardais chun tacaíocht a fháil chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a sholáthar, próiseas soláthair agus seachadadh 15 fheithicil astaíochtaí nialasacha (busanna leictreacha) chun foghlaimeoirí a iompar sna réigiúin.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht: 3.1.1.7.i. Iasachtaí d'fhorbróirí réadmhaoine chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil

Is éard a bheidh sa bheart infheistíocht phoiblí i Saoráid, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú i dtógáil teaghaisí ar cíos íseal sa Laitvia agus chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i dtógáil na dteaghaisí sin. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí a sholáthar, go díreach don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 29 020 919 ar a laghad a sholáthar ar dtús.

Déanfaidh ALTUM, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, an infheistíocht sin a bhainistiú. Áireofar leis an tSaoráid seo an líne táirge seo a leanas: iasachtaí díreacha d'fhorbróirí réadmhaoine chun tógáil teaghaisí ar cíos íseal a mhaoiniú.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Laitvia agus ALTUM Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Is coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile a dhéanfaidh cinneadh deiridh infheistíochta na Saoráide agus formheasfar é le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta a bhaineann leis, lena n-áireofar:
    a. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.
    b. An ceanglas go mbeidh na hinfheistíochtaí uile a dtacófar leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

c. An ceanglas chun an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, déanfar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht leis an mbeartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[25], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná an tagarmharc ábhartha[26], (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[27] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[28]. Thairis sin, ceanglófar leis an straitéis infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol de chuid thairbhithe deiridh na Saoráide.

d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.

3) An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, struchtúr na dtáillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide.

4) Ceanglais maidir le faireachán, iniúchadh agus rialú, lena n-áirítear:

a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisc a thabhairt ar na hinfheistíochtaí a slógadh.

b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.

d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ALTUM. Fíorófar an méid seo a leanas leis na hiniúchtaí sin: go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

---

[25] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrithe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[26] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[27] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[28] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú.

Athchóiriú: 3.1.2.r. Rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fostaíochta chun tacú leis an athchóiriú ioncaim íosta

Is é cuspóir ginearálta an athchóirithe sin an neamhionannas a laghdú, an líontán sábhála sóisialta a fheabhsú, an lánpháirtiú sóisialta agus an cuimsiú sóisialta a chothú sa Laitvia.

Tá dhá phríomhchéim sa bheart. Is é an chéad chéim plean a ghlacadh chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta do 2022-2024 chun an mhodheolaíocht chun an t-ioncam íosta a ríomh a neartú; glacadh na dTreoirlínte maidir le Cosaint Shóisialta agus Margadh an tSaothair 2021-2027 chun cuimsiú sóisialta an daonra a chur chun cinn, chun neamhionannas ioncaim agus bochtaineacht a laghdú, chun seirbhísí sóisialta inrochtana agus saincheaptha a fhorbairt agus chun ardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn i dtimpeallacht oibre ar ardchaighdeán; Plean Forbartha Seirbhísí Sóisialta 2021-2023 a ghlacadh arb é is aidhm dó feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí pobalbhunaithe; agus Plean a ghlacadh chun Comhdheiseanna a Chur Chun Cinn do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2023, arb é is aidhm dó córas tacaíochta comhtháite a fhorbairt lena bhfreastalófar ar riachtanais daoine faoi mhíchumas. Is é an dara céim teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ag an bParlaimint náisiúnta chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta, lena n-áirítear íosráta ioncaim nach lú ná 20 % den ioncam airmheánach a shocrú agus nós imeachta a bhunú le haghaidh innéacsú dearfach bliantúil (amhail ó 2023).

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Infheistíocht: 3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo feabhas a chur ar rochtain ar shaoráidí, ar phoist agus ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi sin rannchuidiú lena gcuimsiú sóisialta.

Is éard atá i gceist leis an mbeart 63 fhoirgneamh phoiblí agus bhardasacha a roghnú agus iad a iarfheistiú chun rochtain ar na saoráidí a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas feidhmiúil agus do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, fís, éisteacht, soghluaisteacht agus lagú meabhrach, lena n-áirítear feabhas a chur ar fhaisnéis amhairc, oiriúnú agus soláthar córas aslonnaithe do dhaoine faoi mhíchumas, agus áiseanna a shuiteáil, amhail rampaí, pannaí, ardaitheoirí, doirse atá éasca le hoscailt nó doirse uathoibríocha. Thairis sin, áireofar leis an mbeart roghnú, iarfheistiú agus feabhsú inrochtaineacht fhisiciúil tithíochta do 259 duine faoi mhíchumas (daoine faoi mhíchumas tromchúiseach nó an-tromchúiseach agus leanaí faoi mhíchumas).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht: 3.1.2.2.i. Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo an acmhainneacht samhaltaithe mhaicreacnamaíoch a uasghrádú chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais slándála sóisialta.

Is éard atá sa bheart samhlacha eacnaiméadracha a thairiscint agus a fhorbairt mar aon le modheolaíocht chun tacaíocht shóisialta a thuar go fadtéarmach, lena n-áirítear pinsin, sonraíocht theicniúil a fhorbairt don chóras faisnéise agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an chórais. Áireofar sna táirgí insoláthartha deiridh tuarascáil mheastóireachta ar an staid reatha; samhail mhatamaiticiúil chun pinsin a réamhaisnéisiú; meastóireacht ar an uirlis réamhaisnéise reatha agus ar

an acmhainneacht a bhaineann léi; sonraíochtaí teicniúla chun córas faisnéise a fhorbairt; faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an chórais ar fud an bhirt.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Márta 2026.

Infheistíocht: 3.1.2.3.i. Athléimneacht agus leanúnachas na seirbhíse cúraim shóisialta fhadtéarmaigh

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo an t-aistriú ó sholáthar cúraim fhadtéarmaigh institiúidigh go samhail chúraim phobalbhunaithe a chumasú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart dearadh tógála caighdeánach a fhorbairt le haghaidh saoráidí cúraim fhadtéarmaigh nua, conarthaí a thabhairt i gcrích maidir le cur chun feidhme tionscadal chun áiteanna nua a bhunú chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar gar don timpeallacht teaghlaigh, agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh nua a thógáil ina mbeidh 408 n-áit seirbhíse i 26 fhoirgneamh do dhaoine atá in aois scoir. Áiritheofar le tógáil na bhfoirgneamh sin go mbeidh 16 dhuine ar a mhéad á n-óstáil in aghaidh an fhoirgnimh agus go mbeidh fearais, trealamh agus troscán feistithe i ngach foirgneamh.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht: 3.1.2.4.i. Forbairt shineirgeach ar sheirbhísí athshlánaithe shóisialta agus ghairme chun athléimneacht daoine le lagú feidhmeach a chur chun cinn

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta agus ar athshlánú daoine a bhfuil lagú feidhme orthu trí chaighdeán seirbhíse aonfhoirmeach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Is éard atá i gceist leis an mbeart caighdeán seirbhíse athshlánúcháin gairme a fhorbairt, a phíolótú agus a ghlacadh lena gcuirtear chun cinn cothabháil, athnuachan agus sealbhú oideachais nó scileanna nua le haghaidh athfhostaíochta do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu. Cuideoidh an beart freisin le feabhas a chur ar an mbonneagar agus ar an trealamh i bhfoirgnimh ina soláthrófar seirbhísí.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht: 3.1.2.5.i. Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta sa mhargadh saothair

Is é cuspóir ginearálta an bhirt infheistíochta seo feabhas a chur ar uas-sciliú agus athsciliú oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe dífhostaithe chun feabhas a chur ar a ndeiseanna fostaíochta i margadh an tsaothair.

Is éard atá i gceist leis an mbeart tairiscint athoiliúna agus uas-scilithe a fhorbairt ina ndíreofar ar scileanna digiteacha do chliaint (dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine atá i mbaol dífhostaíochta) de chuid na Gníomhaireachta Stáit Fostaíochta (SEA), bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair a chur chun feidhme, uirlis dhigiteach a fhorbairt chun scileanna a mheasúnú, agus uas-sciliú a dhéanamh ar 20 450 duine ar a laghad. Faoin mbeart, díreoidh an Ghníomhaireacht ar chur chuige aonair níos doimhne bunaithe ar thorthaí córais próifílithe athchóirithe agus choigeartaithe. Comhlánaíonn an infheistíocht bearta Bheartas Gníomhach an Mhargaidh Saothair (ALMP) atá beartaithe faoi chistí comhtháthaithe don tréimhse 2021-27, arb é is aidhm dó tosú tar éis dheireadh infheistíocht RRP.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 3.1.2.6.i. Infhaighteacht áiseanna teicniúla a éascú

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo feabhas a chur ar rochtain ar shoghluaisteacht, ar fhéinchúram, ar athsholáthar nó athbhunú feidhme agus ar áiseanna teicniúla cumarsáide malartacha do dhaoine a

bhfuil lagú feidhme orthu, agus ar an gcaoi sin a neamhspleáchas a fheabhsú agus rannchuidiú le riachtanais chúraim a laghdú, lena n-áirítear an t-éileamh ar chúram sóisialta fadtéarmach.

Is éard atá san infheistíocht soláthar na seirbhíse cabhrach teicniúla, lena n-áirítear áiseanna teicniúla a eisiúint, a bhfuil ardfheidhmiúlacht ag baint leo freisin (mar shampla: áiseanna teicniúla cumarsáide malartacha, cathaoireacha rothaí leictreacha inrialaitheachta smig).

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
84	**3.1.1.r. Athchóiriú críochach riaracháin**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm 'Dlí Bardasachta' nua	Teacht i bhfeidhm an 'Dlí Bardasachta' nua	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Teacht i bhfeidhm an "Dlí Bardasachta" lena ndéanfar athbhreithniú ar fheidhmeanna agus ar chúraimí na rialtas áitiúil, chun iad a ailíniú le toradh an athchóirithe chríochaigh riaracháin (a chuirtear in ionad an Dlí maidir le Rialtas Áitiúil an 19.5.1994). Áiritheoidh sé rialachas feabhsaithe tar éis athchóiriú críochach riaracháin na mbardas, daonlathú a chur chun cinn agus scaradh níos soiléire na cumhachta cinnteoireachta ón bhfeidhmeannas, roinnt shoiléir inniúlachtaí agus feidhmeanna a bhunú, comhchruinniú cumhachtaí a laghdú agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil a mhéadú ar bhonn rialta.
85	**3.1.1.1.i. Feabhas a chur ar ghréasán na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla**	Sprioc	Bóithre réigiúnacha agus áitiúla athchóirithe nó atógtha ar mhaithe le hinrochtaineacht shábháilte na n-ionad riaracháin	Neamhbhainteach	Km	0	70	R4	2022	Rinneadh bóithre réigiúnacha agus áitiúla an stáit a athchóiriú nó a atógáil chun rochtain a fháil ar lárionaid riaracháin na gcontaetha agus ar a seirbhísí agus ar a bpoist agus chun go bhfeidhmeoidh na bardais nua go hiomlán. Beidh infheistíochtaí lena bhfeabhsófar an

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			contae agus a gcuid seirbhísí agus post agus ar mhaithe le feidhmiú iomlán na mbardas nua.							tsábháilteacht ar bhóithre i gceist le hoibreacha tógála bóithre.
86	**3.1.1.1.i. Feabhas a chur ar ghréasán na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla**	Sprioc	Bóithre réigiúnacha agus áitiúla athchóirithe nó atógtha ar mhaithe le hinrochtaineacht shábháilte na n-ionad riaracháin contae agus a gcuid seirbhísí agus post agus ar mhaithe le feidhmiú iomlán na mbardas nua	Neamhbhainteach	Km	70	210	R4	2024	Rinneadh bóithre réigiúnacha agus áitiúla an stáit a athchóiriú nó a atógáil chun rochtain a fháil ar lárionaid riaracháin na gcontaetha agus ar a seirbhísí agus ar a bpoist agus chun go bhfeidhmeoidh na bardais nua go hiomlán. Beidh infheistíochtaí lena bhfeabhsófar an tsábháilteacht ar bhóithre i gceist le hoibreacha tógála bóithre.
89	**3.1.1.2.i. Inniúlacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht a n-oibríochtaí a fheabhsú**	Garsprioc	Glacadh an bunús dlí chun tacaíocht d'fhothú acmhainneachta na rialtas áitiúil a chur chun feidhme	Glacadh Rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Glacadh le Rialacháin Comh-Aireachta chun tacaíocht a chur i bhfeidhm d'fhothú acmhainne na rialtas áitiúil, lena n-áirítear: (a) raon feidhme agus paraiméadair na ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta sna bardais a shainiú;

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										(b) measúnuithe ar sheirbhísí poiblí bardasacha; (c) tacaíocht mhodheolaíoch agus fothú acmhainneachta a sholáthar; (d) bealaí a phíolótú chun seirbhísí poiblí bardasacha a phleanáil agus a sholáthar.
90	**3.1.1.2.i. Inniúlacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht a n-oibríochtaí a fheabhsú**	Garsprioc	An measúnú ar sheirbhísí poiblí rialtais áitiúil a chur i gcrích, easnaimh agus bearta a shainaithint chun iad a fheabhsú	Measúnú a chur i gcrích	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2024	An measúnú ar éifeachtúlacht sholáthar seirbhísí poiblí rialtais áitiúil a chur i gcrích de réir fhorálacha Rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí maidir le Tacaíocht Forbartha Acmhainne Rialtais Áitiúil a Chur i bhFeidhm.
91	**3.1.1.2.i. Inniúlacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht a n-oibríochtaí a fheabhsú**	Sprioc	Líon na bhfostaithe rialtais áitiúil a fuair oiliúint	Neamhbhainteach	Líon	0	750	R4	2024	Líon na bhfostaithe rialtais áitiúil a cuireadh faoi oiliúint, feabhas a chur ar a gcuid eolais agus cáilíochtaí, tacaíocht mhodheolaíoch a cuireadh ar fáil chun oibriú i mbardais tar éis an athchóirithe chríochaigh riaracháin. Rinneadh na bearta oiliúna agus na bearta fothaithe acmhainneachta eile ar bhonn measúnú ar sheirbhísí agus ar acmhainneacht an rialtais áitiúil.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
92	**3.1.1.2.i. Inniúlacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht a n-oibríochtaí a fheabhsú**	Sprioc	Líon na bhfostaithe rialtais áitiúil a fuair oiliúint	Neamhbhainteach	Líon	750	1 300	R3	2026	Líon na bhfostaithe rialtais áitiúil a cuireadh faoi oiliúint, feabhas a chur ar a gcuid eolais agus cáilíochtaí, tacaíocht mhodheolaíoch a cuireadh ar fáil chun oibriú i mbardais tar éis an athchóirithe chríochaigh riaracháin. Rinneadh bearta oiliúna agus bearta fothaithe acmhainneachta eile ar bhonn measúnú ar sheirbhísí agus ar acmhainneacht rialtais áitiúil.
93	**3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí gnó chun páirceanna tionsclaíocha agus limistéir thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin**	Garsprioc	Clár tacaíochta a ghlacadh chun páirceanna agus críocha tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin	Rialacháin Chomh-Aireachta agus clár cabhrach comhordaithe glactha	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Rinneadh rialacháin de chuid Chomh-Aireacht na nAirí lena leagtar síos na coinníollacha agus na critéir maidir le cabhair a sholáthar do limistéir thionsclaíocha a tharraingt suas agus a ghlacadh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
94	**3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí gnó chun páirceanna tionsclaíocha agus limistéir thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin**	Garsprioc	Conarthaí a dhámhachtain chun páirceanna tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin	Conarthaí a dhámhachtain chun na tionscadail a chur chun feidhme	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Conarthaí a dhámhachtain chun páirceanna tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin do thairbhithe san earnáil phríobháideach nó phoiblí a bhfuil straitéis nó plean gnó forbartha páirce tionsclaíche forbartha acu. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
95	**3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí gnó chun páirceanna tionsclaíocha agus limistéir thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin**	Sprioc	Litreacha intinne/conarthaí arna dtabhairt i gcrích	Neamhbhainteach	Líon	0	4	R4	2025	Ceithre litir intinne/chonartha ar a laghad arna síniú le hoibreoirí páirce tionsclaíche atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus/nó le hinfheisteoirí ionchasacha trí infheistíochtaí neamhairgeadais de EUR 85 741 349 ar a laghad a mhealladh/a dhéanamh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										(2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
96	**3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí gnó chun páirceanna tionsclaíocha agus limistéir thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin**	Sprioc	Tógáil páirceanna/críoch a tionsclaíocha curtha i gcrích ina bhforbraítear bonneagar poiblí sna réigiúin	Neamhbhainteach	Líon	0	4	R4	2025	Tógáil a rinneadh ar cheithre pháirc/chríoch thionsclaíocha náisiúnta ar a laghad, lena n-áirítear naisc thionsclaíocha riachtanacha a bhunú agus a n-acmhainneacht ghaolmhar a mhéadú (lena n-áirítear téamh, uisce agus séarachas, leictreachas), bóithre rochtana a athnuachan nó a shuiteáil gar do limistéir thionsclaíocha, chomh maith le foirgnimh a fhorbairt chun críoch tráchtála agus a mbonneagar gaolmhar.
97	**3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí gnó chun páirceanna tionsclaíocha agus limistéir thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin**	Sprioc	Poist nua a chruthú sna páirceanna tionsclaíocha le meántuarastail os cionn an mheántuarastail san earnáil eacnamaíoch faoi seach	Neamhbhainteach	Líon	0	328	R3	2026	Liosta de na poist a chruthaigh na hoibreoirí páirce nó infheisteoirí príobháideacha agus tuarastail a chur isteach, lena ndeimhnítear cruthú post nua le tuarastail os cionn na meántuarastal san earnáil eacnamaíoch faoi seach.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
98	**3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena gcothromaítear cearta tionóntaí agus tiarnaí talún	Teacht i bhfeidhm an Dlí Cíosa maidir le háitreabh tithíochta	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2021	Teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil nua le haghaidh cíosanna chun cothromaíocht chóir idir leasanna an tionónta agus an tiarna talún a áirithiú agus chun dlús a chur le réiteach díospóidí thar théarma an chíosa agus socrú cíosanna, rud atá thar a bheith tábhachtach chun tógáil tithíochta ar cíos a chur chun cinn agus, dá bhrí sin, chun inacmhainneacht tithíochta a éascú.
99	**3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Garsprioc	Straitéis inacmhainneachta tithíochta a ghlacadh	Tá straitéis tithíochta, inacmhainneachta glactha ag an rialtas	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Áireofar sa straitéis inacmhainneachta tithíochta treoracha gníomhaíochta, táscairí beartais agus tacar cúraimí chun rochtain ar thithíocht a chur chun cinn, réitigh a sholáthar chun tacaíocht inacmhainneachta tithíochta a sholáthar do theaghlaigh de chineálacha éagsúla agus de leibhéil éagsúla ioncaim, lena n-áirítear na teaghlaigh ar an ioncam is ísle, agus go gcuirtear deisiú an stoic tithíochta atá ann cheana agus forbairt stoic tithíochta nua chun cinn le sásraí agus rialacháin tacaíochta.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
100	**3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Garsprioc	Rialáil an Rialtais maidir le tógáil teaghaisí ar chíos íseal	Teacht i bhfeidhm an rialacháin rialtais maidir le teaghaisí ar chíos íseal a thógáil	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2022	Tá Rialachán Chomh-Aireacht na nAirí maidir le tógáil teaghaisí ar chíos íseal tagtha i bhfeidhm chun méid, raon feidhme agus cineál na tacaíochta agus na gcritéar do thairbhithe a shainiú.
101	**3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Sprioc	Líon na n-árasán laistigh de thionscadail cheadaithe	Neamhbhainteach	Líon	0	300	R4	2024	Beidh an cistiú formheasta ag an institiúid forbartha náisiúnta Altum le haghaidh tionscadail 300 árasán ar a laghad. Mar chuid de na tionscadail fhormheasta, cuirfear tithíocht ar fáil ar chíos íseal (go táscach, EUR 4.40/m²). Comhlíonfaidh na tionscadail fhormheasta ceanglais ardcháilíochta: (1) foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a bheidh san fhoirgneamh; (2) Déanfar tástálacha cáilíochta iomchuí (tomhais fhuaimiúla, tástáil tréscaoilteachta aeir foirgnimh) tráth a gcuirfear i seirbhís iad.
102	**3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Sprioc	Líon na n-árasán laistigh de thionscadail cheadaithe	Neamhbhainteach	Líon	300	467	R3	2026	Beidh an cistiú formheasta ag an institiúid forbartha náisiúnta Altum le haghaidh tionscadail 467 n-árasán ar a laghad. Mar chuid de na tionscadail fhormheasta, cuirfear tithíocht ar

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										fáil ar chíos íseal (go táscach, EUR 4.40/m²). Comhlíonfaidh na tionscadail fhormheasta ceanglais ardcháilíochta: (1) foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a bheidh san fhoirgneamh; (2) déanfar tástálacha cáilíochta iomchuí (tomhais fhuaimiúla, tástáil tréscaoilteachta aeir foirgnimh) tráth a chuirtear i seirbhís iad.
103	**3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Sprioc	Líon na n-árasán a tógadh	Neamhbhainteach	Líon	0	300	R3	2026	Críochnaíodh tionscadail le 300 árasán tógtha agus seachadta de réir na sonraíochtaí seo a leanas: (1) foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a bheidh san fhoirgneamh; (2) déanfar tástálacha cáilíochta iomchuí (tomhais fhuaimiúla, tástáil tréscaoilteachta aeir foirgnimh) tráth a chuirtear i seirbhís iad.
104	**3.1.1.5.i. Bonneagar na n-institiúidí oideachais a fhorbairt agus a fheistiú**	Garsprioc	Sainmhíniú ar chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla a glacadh	Tá an creat dlíthiúil tagtha i bhfeidhm	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2021	Teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil arna ghlacadh ag an rialtas lena gcuirtear soláthar oideachais ar ardchaighdeán chun cinn trí thairiscint chuimsitheach clár oideachais a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach, agus trí líonra d'institiúidí ginearálta meánoideachais a chruthú i gcomhréir leis an staid

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										dhéimeagrafach. Bunófar leis an gcreat dlíthiúil íoschritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla (amhail líon íosta foghlaimeoirí, infhaighteacht bonneagair, etc.) d'institiúidí ginearálta meánoideachais.
105	**3.1.1.5.i. Bonneagar na n-institiúidí oideachais a fhorbairt agus a fheistiú**	Garsprioc	Glacadh cinntí ag comhairlí áitiúla maidir le hatheagrú 20 institiúid ghinearálta meánoideachais ar a laghad	Glacadh cinntí ag comhairlí áitiúla	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Cinntí maidir le hatheagrú (cumaisc, athrú ar an leibhéal oideachais) 20 institiúid ghinearálta meánoideachais ar a laghad arna nglacadh ag rialtais áitiúla.
106	**3.1.1.5.i. Bonneagar na n-institiúidí oideachais a fhorbairt agus a fheistiú**	Sprioc	Bonneagar institiúidí oideachais a fhorbairt agus a fheistiú	n/bh	Líon	0	21	R3	2026	Feabhas a chur ar bhonneagar 21 institiúid oideachais ghinearálta arna mbunú ag rialtais áitiúla de réir sonraíochtaí: d'fhéadfaí infheistíochtaí a bheartú chun timpeallacht fhisiciúil na hinstitiúide oideachais a fheabhsú — seomraí ranga a chomhlíon riachtanais sláinteachais, atógáil líonraí innealtóireachta (lena n-áirítear córais aerála), soilsiú leordhóthanach agus tíosach ar fhuinneamh a chinntiú, agus réitigh chomhshaoil eirgeanamaíochta agus nua-aimseartha eile. Féadfar na hinfheistíochtaí bonneagair scoile

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										sin faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid freisin chun trealamh teicneolaíochta faisnéise agus eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a cheannach, chun curaclaim fheabhsaithe nua a chur chun feidhme agus chun cianfhoghlaim agus foghlaim ar líne a chur chun feidhme.
107	**3.1.1.6.i. Feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú**	Garsprioc	Glacadh clár tacaíochta le haghaidh rialtais áitiúla chun busanna leictreacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú	Teacht i bhfeidhm an rialacháin rialtais	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Teacht i bhfeidhm na Rialachán Comh-Aireachta lena leagtar síos coinníollacha cur chun feidhme chun tacaíocht a chur ar fáil do rialtais áitiúla chun busanna leictreacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a chomhlíonadh.
108	**3.1.1.6.i. Feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí**	Sprioc	An líon busanna scoile leictreacha faoi chonarthaí arna ndámhachtain chun busanna leictreacha a cheannach chun na feidhmeanna	n/bh	Líon	0	15	R3	2023	Conarthaí a dhámhachtain chun 15 bhus leictreacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	gaolmhara a fheidhmiú		bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú							
109	**3.1.1.6.i. Feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú**	Sprioc	Líon na mbuachaillí scoile leictrí a ceannaíodh	Neamhbhainteach	Líon	0	15	R4	2025	15 bhus scoile leictreacha a sheachadadh chuig bardais mar thairbhithe d'iompar bardasach foghlaimeoirí.
109a	**3.1.1.7.i. Iasachtaí d'fhorbróirí réadmhaoine chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Garsprioc	Comhaontú Cur Chun Feidhme agus tabhairt i gcrích na hinfheistíochta	Teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe cur chun feidhme agus an deimhnithe aistrithe	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2025	Tiocfaidh an Comhaontú Cur Chun Feidhme i bhfeidhm, agus aistreoidh an Laitvia EUR 29 020 919 chuig ALTUM le haghaidh na Saoráide.
109b	**3.1.1.7.i. Iasachtaí d'fhorbróirí réadmhaoine chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil**	Sprioc	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh.	Neamhbhainteach	Céatadán	0 %	100 %	R2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ALTUM le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
110	**3.1.2.r. Rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus**	Garsprioc	Glacadh an chreata straitéisigh chun	Tá an creat straitéiseach chun tuilleadh	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2021	Tá creat straitéiseach forbartha agus formheasta ag Comh-Aireacht na nAirí chun an córas

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fostaíochta chun tacú le hathchóiriú ioncaim íosta		tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta	forbartha a dhéanamh ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta formheasta ag Comh-Aireacht na nAirí						tacaíochta ioncaim íosta a fhorbairt tuilleadh, lena n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad: — Plean chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta le haghaidh 2022-2024, d'fhonn an mhodheolaíocht chun an t-ioncam íosta a ríomh a neartú; — Treoirlínte 2021-2027 maidir le Cosaint Shóisialta agus Margadh an tSaothair chun cuimsiú sóisialta an daonra a chur chun cinn, neamhionannais ioncaim agus bochtaineacht a laghdú, seirbhísí sóisialta inrochtana agus saincheaptha a fhorbairt agus ardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn i dtimpeallacht oibre ar ardchaighdeán; — Plean Forbartha Seirbhísí Sóisialta 2021-2023, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí pobalbhunaithe; — An Plean chun Comhdheiseanna do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2023 a Chur Chun Cinn, arb é is aidhm dó córas tacaíochta comhtháite a fhorbairt lena bhfreastalófar ar

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										riachtanais daoine faoi mhíchumas
111	**3.1.2.r. Rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fostaíochta chun tacú le hathchóiriú ioncaim íosta**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2023	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha chun feabhas a chur ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta, lena n-áireofar an méid seo a leanas: — íosteorainn nach lú ná 20 % den ioncam airmheánach don tairseach ioncaim íosta; — an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha ioncaim íosta, atá le tarlú ar bhonn bliantúil (ó 2023), ar bhonn athruithe ar an ioncam airmheánach agus lena n-áirithítear nach n-athrófar na tairseacha ioncaim íosta i gcás laghdú ar an ioncam airmheánach.
112	**3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu**	Garsprioc	Foirgnimh stáit agus foirgnimh rialtais áitiúil a roghnú ina ndéanfar oiriúnuithe comhshaoil	Glacadh liosta de 63 fhoirgneamh roghnaithe de chuid údarás poiblí agus údarás áitiúil ina ndéanfar infheistíochtaí chun an	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2022	Chun bearta inrochtaineachta comhshaoil a chur chun feidhme, roghnófar 63 fhoirgneamh stáit agus rialtais áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí poiblí earnála leasa nó seirbhísí sóisialta bardasacha (áireofar na foirgnimh seo i rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí). Áireofar saninfheistíocht bearta chun íoschaighdeán inrochtaineachta a

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				comhshaol a oiriúnú						chur chun feidhme: rochtain ar an gcomhshaol agus ar fhaisnéis a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas feidhmiúil agus do dhaoine faoi mhíchumas.
113	**3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu**	Garsprioc	Síniú conarthaí chun rochtain ar shaoráidí poiblí i bhfoirgnimh údarás poiblí agus údarás áitiúil a áirithiú	Síniú conarthaí le haghaidh oibreacha ar rochtain ar shaoráidí poiblí i 63 fhoirgneamh réamhroghnaithe na n-údarás poiblí agus áitiúil.	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2024	Síneoidh údaráis phoiblí agus áitiúla ábhartha conarthaí chun rochtain ar na saoráidí i 63 fhoirgneamh stáit agus rialtais áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí poiblí nó seirbhísí sóisialta bardasacha a áirithiú. Dámhfar conarthaí chun íoschaighdeán inrochtaineachta a sholáthar: eilimintí inrochtaineachta is gá le haghaidh gach foirgnimh, lena n-áirítear bearta chun rochtain ar shaoráidí agus ar fhaisnéis a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas feidhmiúil agus do dhaoine faoi mhíchumas (d'fhéadfaí a áireamh leis sin oiriúnuithe éagsúla a chruthú nó a shuiteáil amhail feabhsuithe ar fhaisnéis amhairc, oiriúnú agus soláthar córas aslonnaithe do dhaoine faoi mhíchumas trí rampaí, pannaí, ardaitheoirí agus doirse atá éasca le hoscailt nó doirse uathoibríocha a shuiteáil).

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
114	**3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu**	Sprioc	Tógáil a chur i gcrích chun rochtain ar shaoráidí poiblí i bhfoirgnimh stáit agus rialtais áitiúil a chinntiú	Neamhbhainteach	Foirgnimh	0	63	R2	2026	Obair thógála curtha i gcrích ar 63 fhoirgneamh stáit agus rialtais áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí poiblí earnála leasa nó seirbhísí sóisialta bardasacha do ghrúpaí atá i mbaol eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus an gníomh aistrithe sínithe. Áireofar ar na bearta cur chun feidhme íoschaighdeáin inrochtaineachta: rochtain ar an bpobal ar na saoráidí agus ar an bhfaisnéis do dhaoine faoi mhíchumas feidhmiúil agus do dhaoine faoi mhíchumas (d'fhéadfaí a áireamh leis sin oiriúnuithe éagsúla a chruthú nó a shuiteáil amhail feabhas a chur ar fhaisnéis amhairc, córais aslonnaithe a oiriúnú agus a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, rampaí, troitheáin, ardaitheoirí, doirse atá éasca le hoscailt nó doirse uathoibríocha).
115	**3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus**	Garsprioc	Spriocghrúpa sonrach a roghnú chun rochtain fhisiciúil ar thithíocht a fheabhsú	Glacadh liosta de 259 duine roghnaithe faoi mhíchumas ar gá dóibh a dtithíocht aonair a oiriúnú	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2024	Glacadh liosta de 259 duine faoi mhíchumas tromchúiseach nó an-trom agus leanaí faoi mhíchumas a bhainfidh tairbhe as tacaíocht ó na húdaráis phoiblí ábhartha chun an tithíocht aonair a oiriúnú.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu									
116	**3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu**	Garsprioc	Síniú conarthaí chun tithíocht daoine faoi mhíchumas a oiriúnú	Síniú conarthaí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2025	Síniú conarthaí chun tithíocht 259 nduine faoi mhíchumas trom nó an-tromchúiseach agus leanaí faoi mhíchumas a oiriúnú. Tugadh conarthaí i gcrích chun eilimintí inrochtaineachta comhshaoil a sholáthar (mar shampla: rampaí agus ardaitheoirí a bhunú, trealamh a sholáthar, gnéithe cóiríochta, spásanna coiteanna a oiriúnú) i dtithíocht do 259 nduine.
117	**3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu**	Sprioc	Inrochtaineacht na timpeallachta tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas á háirithiú	Neamhbhainteach	Daoine	0	259	R2	2026	Oiriúnú na timpeallachta baile (mar shampla: tá bunú rampaí agus ardaitheoirí, soláthar trealaimh, gnéithe cóiríochta, oiriúnú spásanna coiteanna) de 259 nduine faoi mhíchumas trom nó an-tromchúiseach agus leanaí faoi mhíchumas curtha i gcrích.
118	**3.1.2.2.i. Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt**	Garsprioc	Conradh a thabhairt i gcrích maidir le halgartaim a fhorbairt don	Sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt agus conradh a thabhairt i	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2022	Conradh a dhámhachtain tar éis comórtais: samhail eacnaiméadrach agus modheolaíocht a fhorbairt chun tacaíocht shóisialta, lena n-

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			tsamhail réamhaisnéise, sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt don chóras faisnéise agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an chórais	gcrích le haghaidh na seirbhíse comhairliúcháin lena mbaineann saineolaithe samhaltaithe matamaiticiúla agus eacnaiméadrach a ón Laitvia agus ón gcoigríoch						áirítear pinsin, a thuar go fadtéarmach, sonraíochtaí teicniúla a tharraingt suas chun córas faisnéise a fhorbairt, — monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an chórais. Áireofar sa chonradh a thabharfar i gcrích tráthchlár le haghaidh na dtáirgí insoláthartha seo a leanas: — tuarascáil mheastóireachta ar an staid reatha; — samhail mhatamaiticiúil chun pinsin a réamhaisnéisiú; — meastóireacht ar an uirlis réamhaisnéise reatha agus ar an acmhainneacht a bhaineann léi; — sonraíochtaí teicniúla chun córas faisnéise a fhorbairt; — faireachán ar fhorbairt an chórais faisnéise ar fud an tionscadail.
119	**3.1.2.2.i. Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt**	Garsprioc	Sonraíochtaí teicniúla a chur i gcrích maidir le córas faisnéise na huirlise	Sonraíochtaí teicniúla arna bhformheas ag an Aireacht Leasa agus réidh le cur faoi	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2024	Sonraíochtaí teicniúla a chur i gcrích le haghaidh córas faisnéise nua maidir le huirlis réamhaisnéise slándála sóisialta. Áireofar na nithe seo a leanas sna sonraíochtaí teicniúla:

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			réamhaisnéise slándála sóisialta	bhráid fhorbróir an chórais faisnéise						— tuarascáil mheastóireachta ar an uirlis réamhaisnéise reatha agus a roghanna agus a moltaí maidir leis an uirlis réamhaisnéise nua a fhorbairt; — sonraíochtaí teicniúla chun an córas a fhorbairt (áireofar sa tsonraíocht theicniúil freisin ceanglas maidir leis an modheolaíocht Agile a chur i bhfeidhm le linn chéimeanna forbartha an chórais).
120	**3.1.2.2.i. Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt**	Garsprioc	Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt	Uirlis réamhaisnéise a forbraíodh le haghaidh réamh-mheastacháin fhadtéarmacha an chórais slándála sóisialta	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2026	Sínítear an gníomh aistrithe idir an Aireacht Leasa agus forbróir bogearraí chun uirlis réamhaisnéise a fhorbairt do réamhaisnéisí fadtéarmacha an chórais slándála sóisialta: — déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht an ghné dhéimeagrafach a úsáid agus a léiriú ar bhealach níos éifeachtaí sna réamhaisnéisí, as a dtiocfaidh toradh réamhaisnéise níos tapúla agus níos cruinne; — cumas riaracháin i réimse na slándála sóisialta a neartú; — tugtar an deis raon toimhdí níos mionsonraithe a chur isteach

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										i gcomparáid leis an tsamhail a úsáideadh roimhe seo; — samhaltú a chumasú le torthaí atá ann cheana in áiteanna eile (e.g.: Eurostat), chomh maith le táscairí déimeagrafacha agus táscairí mhargadh an tsaothair; — forbraíodh dhá lámhleabhar do riarthóir na huirlise agus d'úsáideoirí.
121	**3.1.2.3.i. Athléimneacht agus leanúnachas na seirbhíse cúraim shóisialta fhadtéarmaigh**	Garsprioc	Dearadh tógála caighdeánach a fhorbairt	Ceanglais an taisc deartha agus dearadh tógála caighdeánach arna bhforbairt chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar gar do thimpeallacht an teaghlaigh	Neamhbhainteach	Neamhhainteach	Neamhhainteach	R3	2022	Ghlac an Aireacht Leasa le dearadh tógála caighdeánach chun foirgnimh a thógáil atá riachtanach chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar gar do thimpeallacht an teaghlaigh. Beidh an dearadh tógála beartaithe chun foirgnimh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a thógáil (foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de). Beidh tionscadal caighdeánach tógála réidh cheana féin i seilbh na mbardas, rud a laghdóidh costais an tionscadail. Laghdóidh cur chun feidhme tionscadal níos simplí do bhardais na rioscaí a bhaineann le moilleanna ar chur chun feidhme tionscadal.

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
122	**3.1.2.3.i. Athléimneacht agus leanúnachas na seirbhíse cúraim shóisialta fhadtéarmaigh**	Sprioc	Conarthaí a thabhairt i gcrích maidir le tionscadail a chur chun feidhme	Neamhbhainteach	An líon conarthaí	0	6	R2	2023	Tá 6 chonradh ar a laghad tugtha i gcrích ag an Lár-Ghníomhaireacht Airgeadais agus Chonarthach maidir le háiteanna nua a bhunú chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a sholáthar gar don timpeallacht teaghlaigh.
123	**3.1.2.3.i. Athléimneacht agus leanúnachas na seirbhíse cúraim shóisialta fhadtéarmaigh**	Sprioc	Áiteanna nua a sholáthar le haghaidh seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh gar do shuíomhanna teaghlaigh do 408 nduine in aois scoir	n/bh	Líon na n-áiteanna	0	408	R2	2026	Áiteanna nua a chruthú chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá gar don timpeallacht teaghlaigh a sholáthar do 408 nduine in aois scoir (26 fhoirgneamh tógtha le huasmhéid 16 dhuine in aghaidh an fhoirgnimh). Áiritheofar le tógáil na bhfoirgneamh sin go mbeidh trealamh íosta réamhshainithe ar a laghad ag gach foirgneamh, amhail fearais agus troscán.
124	**3.1.2.4.i. Forbairt shineirgeach ar sheirbhísí athshlánaithe shóisialta agus ghairme chun athléimneacht daoine le lagú feidhmeach a chur chun cinn**	Garsprioc	Tuairisc ar an tseirbhís athshlánúcháin ghairmiúil a glacadh	Cur síos ar na seirbhísí athshlánúcháin gairme a ghlacadh	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2023	Ghlac Comhairle Chomhairleach na Gníomhaireachta Stáit um Imeascadh Sóisialta agus cheadaigh an Ghníomhaireacht um Imeascadh Sóisialta an tuairisc ar sheirbhís athshlánúcháin ghairmiúil a chuireann cothabháil, athnuachan agus sealbhú oideachais nó scileanna nua le haghaidh athfhostaíochta chun cinn a

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										luaithe is féidir, ag cur sábháilteacht custaiméirí chun cinn.
125	**3.1.2.4.i. Forbairt shineirgeach ar sheirbhísí athshlánaithe shóisialta agus ghairme chun athléimneacht daoine le lagú feidhmeach a chur chun cinn**	Garsprioc	Bonneagar tógála a oiriúnú, lena n-áirítear inrochtaineacht chomhshaoil agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, agus an trealamh teicniúil agus ábhartha a fheabhsú	2 fhoirgneamh a oiriúnú i gcás ina bhfeabhsófar an bonneagar, lena n-áirítear inrochtaineacht chomhshaoil agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus feabhas a chur ar an trealamh teicniúil agus ábhartha	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R1	2026	Tá feabhas curtha ar an mbonneagar agus ar an trealamh lóistíochta i bhfoirgnimh ina soláthrófar seirbhísí chun athléimneacht daoine a bhfuil lagú feidhme orthu a chur chun cinn, lena n-áirítear: — bearta chun timpeallacht fhoirgneamh Slokas street 61, Jūrmala a oiriúnú; — éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe in ionchas foirgnimh Dubultu 71, Jūrmala.
126	**3.1.2.4.i. Forbairt shineirgeach ar sheirbhísí athshlánaithe shóisialta agus ghairme chun athléimneacht daoine le lagú feidhmeach a chur chun cinn**	Garsprioc	Bunaíodh agus ceadaíodh caighdeán nua le haghaidh seirbhísí athshlánaithe sóisialta agus gairme chun athléimneacht daoine a bhfuil lagú feidhme orthu a chur chun cinn	Formheastar caighdeán nua seirbhíse athshlánúcháin	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2026	Ghlac Comhairle Chomhairleach na Gníomhaireachta Stáit um Imeascadh Sóisialta agus cheadaigh an Ghníomhaireacht Stáit um Imeascadh Sóisialta caighdeán nua seirbhíse do sheirbhísí athshlánúcháin shóisialta agus ghairme chun athléimneacht daoine le lagú feidhme a chur chun cinn (clár forbartha inniúlachta agus seirbhís athshlánúcháin ghairme), lena n-áirítear trí sheirbhísí a ghlacadh i dtreoirthionscadail

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										agus bonn ábhartha an tionscadail a úsáid.
127	**3.1.2.5.i. Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta sa mhargadh saothair**	Garsprioc	Bunaíodh tairiscint athoiliúna agus uas-scilithe, le béim ar scileanna digiteacha, do chliaint (dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine atá i mbaol dífhostaíochta) na Gníomhaireachta Stáit Fostaíochta le haghaidh théarnamh an gheilleagair lena gcruthófar poist trí bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair a chur chun feidhme	Tairiscint nua athoiliúna agus uas-scilithe a ghlacadh (scileanna digiteacha san áireamh) do chliaint na Gníomhaireachta Stáit Fostaíochta	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2023	Glacadh tairiscint clár athoiliúna agus uas-scilithe do chliaint Sheirbhís Fostaíochta na Laitvia (dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine atá i mbaol dífhostaíochta) ag cruinniú Choimisiún Oiliúna na Laitvia i gcomhréir leis na bearta maidir le beartas gníomhach mhargadh an tsaothair chun an geilleagar atá fabhrach do phoist a théarnamh.
128	**3.1.2.5.i. Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist agus daoine**	Garsprioc	Uirlis dhigiteach a fhorbairt le haghaidh measúnú scileanna	Uirlis dhigiteach arna forbairt agus arna cur chun feidhme	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2023	Tá uirlis mheasúnaithe dhigitigh forbartha agus curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht Stáit Fostaíochta le haghaidh córas feabhsaithe próifílithe scileanna, lena n-áiritheofar

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	atá i mbaol dífhostaíochta sa mhargadh saothair									measúnú ar scileanna agus inniúlachtaí chliaint na gníomhaireachta, chun tairiscint iomchuí athoiliúna agus sealbhú scileanna a chur i gcrích, ag brath ar leibhéal eolais agus scileanna an duine aonair. Déanfar an modh próifílithe cliant atá in úsáid ag an ngníomhaireacht faoi láthair a fhorlíonadh le huirlis measúnaithe scileanna digiteacha (tástálacha) agus úsáidfear torthaí na dtástálacha i bpróiseas comhairle gairme an chliaint agus in ullmhú na tairisceana oiliúna aonair.
129	**3.1.2.5.i. Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta sa mhargadh saothair**	Sprioc	Dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine atá i mbaol dífhostaíochta le scileanna feabhsaithe	Neamhbhainteach	Líon	0	10 000	R1	2025	10 000 duine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine i mbaol dífhostaíochta le scileanna feabhsaithe mar atá deimhnithe ag córas cuntasaíochta cliant Ghníomhaireacht Fostaíochta an Stáit
130	**3.1.2.5.i. Rannpháirtíocht daoine dífhostaithe,**	Sprioc	Dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine atá i mbaol	Neamhbhainteach	Líon	10 000	20 450	R3	2026	20 450 duine dífhostaithe, cuardaitheoirí poist, daoine i mbaol dífhostaíochta le scileanna feabhsaithe mar atá deimhnithe

Líon	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	cuardaitheoirí poist agus daoine atá i mbaol dífhostaíochta sa mhargadh saothair		dífhostaíochta le scileanna feabhsaithe							ag córas cuntasaíochta cliant Ghníomhaireacht Fostaíochta an Stáit
130a	**3.1.2.6.i. Infhaighteacht áiseanna teicniúla a éascú**	Sprioc	Cabhracha teicniúla do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu	Neamhbhainteach	Líon	0	10 474	R2	2026	Eisíodh 10 474 áis theicniúil do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu.

D. COMHÁBHAR 4: SLÁINTE

Rannchuidíonn an ghné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathléimneacht, inrochtaineacht, cáilíocht agus cost-éifeachtúlacht an chórais sláinte agus a acmhainní daonna. Tá rochtain thráthúil agus chomhionann ar chúram sláinte teoranta, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Tuairiscíonn an Laitvia go bhfuil ardriachtanas ann nach bhfuiltear ag freastal air maidir le cúram sláinte agus go bhfuil íocaíochtaí suntasacha neamh-in-aisíoctha ann. Is cúis thábhachtach eile iad stíleanna maireachtála míshláintiúla do na drochthorthaí sláinte. Cuireann ganntanas oibrithe sláinte bac ar sholáthar cúraim sláinte poiblí agus cuireann sé rath na n-athchóirithe cúraim sláinte i mbaol. Tá na dúshláin sin níos measa fós go háirithe mar gheall ar an ngéarchéim a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

Is iad cuspóirí na comhpháirte athléimneacht agus inrochtaineacht an chúraim sláinte a fheabhsú trí (i) creat agus bonneagar riachtanach a fhorbairt chun seirbhísí sláinte comhtháite a sholáthar, cumas na n-institiúidí sláinte oiriúnú do chásanna géarchéime a áirithiú, (ii) samhlacha seachadta seirbhíse feabhsaithe a fhorbairt agus (iii) soláthar acmhainní daonna agus an córas forbartha gairmiúla do ghairmithe sláinte a fheabhsú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach chun athléimneacht agus inrochtaineacht an chórais sláinte a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní breise daonna agus airgeadais a sholáthar (Moladh Tírshonrach 1, 2020) agus chun inrochtaineacht, cáilíocht agus cost-éifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte a mhéadú (Moladh Tírshonrach 2, 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 4.1.1.r: Inbhuanaitheacht agus athléimneacht córais cúraim sláinte atá dírithe ar an duine, cuimsitheach agus comhtháite.

Is iad cuspóirí an bhirt córas cúraim sláinte cuimsitheach comhtháite atá dírithe ar an duine a fhorbairt agus a inbhuanaitheacht agus a athléimneacht a áirithiú.

Is éard atá san athchóiriú samhlacha nua a fhorbairt chun seirbhísí sláinte comhtháite éifeachtacha a sholáthar ar gach leibhéal cúraim sláinte (príomhúil, tánaisteach agus treasach). Is é is aidhm don athchóiriú moltaí cúraim comhtháite agus creat sábháilteachta eipidéimeolaíochta a fhorbairt.

Déanfar straitéis infheistíochta lena sainítear riachtanais infheistíochta bonneagair a ullmhú faoin 31 Nollaig 2022. Beidh san athchóiriú freisin measúnuithe ar sholáthar seirbhísí ospidéil de réir leibhéal an ospidéil agus mapáil seirbhísí ospidéil. Is réamhriachtanais iad na gnéithe sin mar aon leis na moltaí comhtháite cúraim agus an creat sábháilteachta eipidéimeolaíochta le haghaidh na n-infheistíochtaí atá beartaithe sna hospidéil agus i suíomhanna tánaisteacha othar seachtrach de réir na hinfheistíochta: 4.1.1.2.i. agus 4.1.1.3.i.

I réimse na hoinceolaíochta, áiritheofar leis an mbeart go dtabharfar isteach bainistiú modheolaíochta aonfhoirmeach trí ionad cúraim ailse sa Laitvia a bhunú agus ullmhú lena dheimhniú, chomh maith le comhbhainistiú, cóireáil agus cúram a áirithiú, agus líonra ospidéal a bhunú a mbeidh speisialtóireacht acu i gcóireáil agus i gcúram othar oinceolaíochta.

Leis na hinfheistíochtaí sa tionscadal géanóim, cruthófar, i gcomhréir leis an tionscnamh Eorpach '1+ Milliún Géanóm' (1+MG), bailiúchán ionadaíoch de shonraí géanóim tagartha shaoránaigh na Laitvia, lena mbaileofar samplaí sonraí géiniteacha arna ndeonú ag saoránaigh na Laitvia. Is é is aidhm dó cumas taighde géiniteach agus digiteach na Laitvia a neartú chun meaitseáil agus anailís shlán ar na sonraí sin a éascú faoi chuimsiú bhonneagar Eorpach 1+MG.

D'fhonn cúram sláinte comhtháite atá dírithe ar an othar a chur chun cinn, inrochtaineacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht acmhainní na seirbhísí sláinte a fheabhsú, déanfar Straitéis maidir le hEarnáil na Sláinte Digití a fhorbairt i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Feidhmeoidh an straitéis sin mar bhealach chun cinn chun réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a chur in úsáid in earnáil na sláinte atá sábháilte agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscail agus a úsáideoirí.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 4.1.1.1.i. Tacaíocht do thaighde sláinte poiblí.

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar phleanáil agus ar chur chun feidhme an bheartais sláinte poiblí, lena n-áirítear sábháilteacht eipidéimeolaíoch a áirithiú trí sheirbhísí comhtháite sláinte inbhuanaithe atá dírithe ar an othar a fhorbairt.

Tá trí staidéar i gceist leis an infheistíocht. (i) I réimse na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, staidéar chun na modhanna idirghabhála agus faireacháin is éifeachtaí a shainaithint. (ii) Staidéar chun na cúiseanna le neamhvacsaíniú a shainaithint chun cumhdach níos leithne vacsaínithe a áirithiú agus chun an baol go scaipfear galair thógálacha sa Laitvia a laghdú. (iii) I réimse na ngalar tógálach, staidéar ar na rioscaí ionfhabhtaithe agus a dtionchar ar tháscairí sláinte poiblí.

Táthar ag súil go mbeidh príomhthorthaí na staidéar seo mar bhonn chun an beartas sláinte poiblí a fheabhsú. Bunaithe ar na torthaí sin, táthar ag súil le hathruithe sa chreat rialála, sa mhodheolaíocht agus sna moltaí.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 4.1.1.2.i.: Tacaíocht chun bonneagar sláinte na n-ospidéal ollscoile agus réigiúnach a neartú

Is iad cuspóirí an bhirt athléimneacht na hearnála sláinte agus infhaighteacht seirbhísí a neartú tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt le haghaidh seirbhísí sláinte comhtháite, cumas na n-institiúidí sláinte oiriúnú do ghéarchéimeanna a áirithiú, agus seirbhísí sláinte státchistithe atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a áirithiú. Is é is aidhm d'infheistíochtaí i mbonneagar ospidéil feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí othar seachtrach agus othar cónaitheach araon.

Tá sé beartaithe na hinfheistíochtaí a dhéanamh i dtrí ospidéal ollscoile cliniciúla agus i seacht n-ospidéal réigiúnacha chun a mbonneagar agus a dtrealamh a fheabhsú. Beidh infheistíochtaí bunaithe ar mholtaí maidir le cúram comhtháite agus ceanglais sábháilteachta eipidéimeolaíocha agus i gcomhréir leis an straitéis infheistíochta chun bonneagar cúraim sláinte a fhorbairt do 2021-2027. Cuirfear infheistíochtaí ar fáil chun áitribh nua a athchóiriú, a athchóiriú agus a thógáil agus chun teicneolaíochtaí leighis agus trealamh leighis a sholáthar.

Déanfar na hinfheistíochtaí chun an cur chuige comhtháite cúraim sláinte a áirithiú agus chun na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh don tsábháilteacht eipidéimeolaíoch i dtrí ospidéal ollscoile chliniciúla: Ospidéal Ollscoile Cliniciúil Ríge an Oirthir, Ospidéal Ollscoile Cliniciúil Paula Stradiņa agus Ospidéal Ollscoile Cliniciúil Leanaí agus seacht n-ospidéal réigiúnacha: Ospidéal Réigiúnach Liepaja; Ospidéal Réigiúnach Daugavpils, Ospidéal Rēzekne, Ospidéal Réigiúnach Kurzeme Thuaidh, Ospidéal Réigiúnach Jēkabpils, Ospidéal Vidzeme agus Ospidéal Jelgava.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 4.1.1.3.i. Tacaíocht chun bonneagar sláinte soláthraithe tánaisteacha seirbhísí othar seachtrach a neartú

Is iad cuspóirí an bhirt feabhas a chur ar bhonneagar soláthraithe tánaisteacha seirbhísí othar seachtrach chun soláthar seirbhísí comhtháite, sábháilteacht eipidéimeolaíoch agus inrochtaineacht chomhshaoil a áirithiú.

Is éard atá san infheistíocht infheistíochtaí i mbonneagar agus i dtrealamh le haghaidh 40 soláthraí tánaisteach seirbhísí cúraim sláinte d'othair sheachtracha ar a laghad.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú 4.2.1.r.: Acmhainní daonna a sholáthar agus uas-sciliú.

Is iad cuspóirí an bhirt feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní daonna agus ar uas-sciliú in earnáil na sláinte.

Is éard atá san athchóiriú straitéis acmhainní daonna a fhorbairt lena n-áirítear cur chuige cuimsitheach i leith phleanáil an lucht saothair sláinte agus na samhla foghlama ar feadh an tsaoil, sásra comhordúcháin le haghaidh oiliúna agus cur chuige ionsamhlúcháin san oiliúint. Beidh an straitéis acmhainní daonna d'earnáil na sláinte bunaithe ar mhapáil acmhainní daonna.

Cumhdófar leis an straitéis gníomhaíochtaí amhail samhail nua tuarastail a fhorbairt, bunoiliúint leighis a sholáthar agus líon na n-áiteanna cónaithe i gcomhréir leis an éileamh, bearta coinneála chomh maith le bunachar sonraí acmhainní daonna a fhorbairt. Leis an athchóiriú, bunófar creat freisin chun an córas oideachais leighis a neartú, lena bhforálfar do shamhail inbhuanaithe a thabhairt isteach don oideachas leanúnach agus do shásra comhordúcháin chun cáilíocht an ábhair oideachais a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh air, chomh maith le cur chuige ionsamhlúcháin ar gach leibhéal oideachais. Forbrófar uirlis TF chun riachtanais an lucht saothair sláinte amach anseo a thuar.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht: 4.2.1.1.i. Tacaíocht do chur chun feidhme an chórais forbartha acmhainní daonna.

Is iad cuspóirí an bhirt cur chuige coiteann a fhorbairt don oideachas leanúnach sa tsláinte, agus cur chuige ionsamhlúcháin a thabhairt isteach sa chóras oideachais sláinte.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sásra comhordúcháin a bhunú agus cumhdaítear léi gnéithe amhail bainistíocht mhodheolaíoch, rialú cáilíochta ar ábhar an oideachais, maoiniú inbhuanaithe.

Áiritheofar leis an infheistíocht freisin go bhforbrófar plean gníomhaíochta chun cur chuige ionsamhlúcháin a chur chun feidhme sa phróiseas oiliúna do liachleachtóirí. Leis an gcur chuige sin, beifear in ann cásanna éagsúla fíorshaoil a ionsamhlú, rud a chuirfidh ar chumas gairmithe leighis amach anseo agus gairmithe leighis atá ann cheana a gcuid scileanna a fhorbairt tuilleadh.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Athchóiriú: 4.3.1.r.: Inbhuanaitheacht an chúraim sláinte, rialachas a neartú, úsáid éifeachtúil acmhainní sláinte, méadú ar an mbuiséad poiblí iomlán in earnáil na sláinte.

Is iad cuspóirí an bhirt feabhas a chur ar éifeachtúlacht sholáthar seirbhísí sláinte státchistithe trí infhaighteacht seirbhísí a áirithiú, agus sásra um athrú sistéamach a bhunú le haghaidh seirbhísí státíoctha.

Is éard atá san athchóiriú córas saotharlainne seirbhíse a bhunú chun samhlacha seirbhíse éagsúla a thástáil agus a mheas. Cumhdófar leis an mbeart scrúdú ar an staid reatha, sainaithint agus measúnú ar na dúshláin, agus forbairt na réiteach amhail na samhlacha nua seirbhíse. Déanfar na samhlacha nua seirbhíse a phíolótú agus a chur i gcomparáid leis an tseirbhís atá ann cheana. Déanfar measúnú

ar thairbhí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus ar ghnóthachain éifeachtúlachta na samhlacha. Bunaithe ar na torthaí, táthar ag súil go ndéanfar 10 samhail seirbhíse nua a phíolótú agus a mheas le haghaidh príomhshruthaithe agus a chur chun feidhme mar chuid den chiseán seirbhíse íoctha stáit.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht: 4.3.1.1.i. Tacaíocht chun cáilíocht agus inrochtaineacht cúraim sláinte thánaistigh neamhospidéil a mheasúnú agus a fheabhsú.

203	**6.3.1.2.i. Riarachán poiblí a ghairmiúlú agus riarachán agus fothú acmhainneachta a fhorbairt**	Sprioc	Oiliúint curtha i gcrích ag fostaithe riaracháin phoiblí	Neamhbhainteach	Líon	0	20 011	R4	2025	Líon na seisiún oiliúna i réimsí na seirbhíse do chustaiméirí, fhorbairt na ceannaireachta, inniúlachtaí bunúsacha an riaracháin phoiblí, bhainistiú an tsoláthair phoiblí, acmhainní daonna, an chleachtais dlí, na pleanála beartais agus an chur chun feidhme arna gcur i gcrích ag fostaithe riaracháin phoiblí.
204	**6.3.1.3.i. Forbairt éiceachóras nuálaíochta an riaracháin phoiblí**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála i ndáil leis an éiceachóras nuálaíochta	Comhchreat turgnamhach a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh nuálaíocht san earnáil phoiblí				R2	2025	Tiocfaidh creat rialála (treoirlínte, rialacháin, moltaí, etc.) i bhfeidhm chun tacú le forbairt éiceachóras nuálaíochta na hearnála poiblí. Tabharfar aghaidh sa chreat, inter alia, ar na dúshláin seo a leanas: — Ilroinnt éiceachóras nuálaíochta na Laitvia agus a rialachas a laghdú; — Feabhas a chur ar an gcomhar i measc institiúidí i gcur chun feidhme an bheartais nuálaíochta; — creat coiteann a fhorbairt le haghaidh turgnamh. Tá an tsaotharlann nuálaíochta ar bun agus ag feidhmiú. Is iad seo a leanas

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc /sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										príomhfheidhmeanna na Saotharlainne Nuálaíochta: forbairt cás-staidéar ar nuálaíocht phoiblí; 2) réitigh nuálacha ar dhúshláin riaracháin phoiblí a chruthú; 3) Tástáil ar réitigh fhréamhshamhail; Cumarsáid leis an bpobal maidir le nuálaíocht sa riarachán poiblí.
205	**6.3.1.3.i. Forbairt éiceachóras nuálaíochta an riaracháin phoiblí**	Garsprioc	Inbhuanaitheacht airgeadais na Saotharlainne Nuálaíochta a áirithiú	Teacht i bhfeidhm dhlí buiséid an stáit do 2026	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R3	2025	Áiritheofar maoiniú buiséid an Stáit le haghaidh oibriú na saotharlainne nuálaíochta ó 2026 ar aghaidh.
206	**6.3.1.4.i. Fás eagraíochtaí neamhrialtasacha chun ionadaíocht na slándála sóisialta a neartú agus faireachán a dhéanamh ar leasanna an phobail**	Garsprioc	Foilsiú an chreata chun tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha sna réimsí seo a leanas: —athléimneacht shóisialta abhcóideacht ar mhaithe le leas an phobail	Rialacha an chláir tacaíochta a fhoilsiú	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Foilsíodh glao oscailte ar chistiú chun obair eagraíochtaí neamhrialtasacha a neartú in dhá réimse — (a) athléimneacht shóisialta a chothú agus (b) abhcóideacht ar son leas an phobail. Áireofar sa ghlao sin coinníollacha agus critéir maidir le rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha sa chlár tacaíochta, sásra tuairiscithe agus táscairí agus spriocanna atá le baint amach laistigh den chlár.
207	**6.3.1.4.i. Fás eagraíochtaí neamhrialtasacha chun ionadaíocht na slándála sóisialta a neartú agus faireachán a**	Sprioc	Tairbhithe an chláir tacaíochta	Conarthaí deontais sínithe	Líon thairbhithe (lena n-áirítear comhpháirtithe) an chláir tacaíochta	0	30	R3	2026	Rachaidh an cistiú chun an tionscadal a chur chun feidhme chun tairbhe na nithe seo a leanas ar a laghad: —15 eagraíocht i gclár athléimneachta sóisialta

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc /sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	dhéanamh ar leasanna an phobail									—15 eagraíocht a dhéanann abhcóideacht ar son leas an phobail Measfar an sprioctháscaire a bheith comhlíonta nuair a bheidh conradh tugtha i gcrích idir eagraíocht neamhrialtasach agus an Fhondúireacht um Lánpháirtiú na Sochaí chun an tionscadal a chur i gcrích.
208	**6.4.1.r. Clár de chonarthaí soláthair phoiblí a chruthú**	Garsprioc	Clár de chonarthaí soláthair phoiblí a chuirtear ar fáil.	Leasuithe ar reachtaíocht soláthair phoiblí agus ar réiteach teicniúil arna bhforbairt agus arna gcur ar fáil lena dtáirgeadh	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2022	Tá leasuithe ar an reachtaíocht lena rialaítear soláthar poiblí tagtha i bhfeidhm, lena bhforáiltear do chlár conarthaí ina bhfuil faisnéis struchtúrtha maidir le conarthaí soláthair a tugadh i gcrích agus a bhfeidhmíocht iarbhír (lena n-áirítear costais iarbhír agus spriocdhátaí nó an chúis leis an bhfoirceannadh). Forbraíodh réiteach teicniúil do chlár na gconarthaí soláthair phoiblí agus cuireadh ar fáil ar líne é.
209	**6.4.2.r. Timpeallacht na hIomaíochta a Fheabhsú**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata rialála chun feabhas a chur ar thimpeallacht na hiomaíochta agus chun rioscaí éillithe sa soláthar poiblí a laghdú.	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2021	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an dlí soláthair phoiblí, lena n-áirítear, inter alia, na hathruithe seo a leanas: 1) Bunófar an coimisiún soláthair le haghaidh gach soláthair ar leithligh nó ar feadh tréimhse shonraithe ama

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc /sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										2) síneoidh rúnaí an choimisiúin soláthair dearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasa ann; 3) cásanna leathnaithe inar féidir soláthróir a eisiamh ó thairiscint 4) sainaithnítear sna critéir mheastóireachta réimsí sonracha ina bhfuil measúnú le déanamh ar chostais saolré agus ar chritéir cháilíochta sa bhreis ar an bpraghas ceannaigh; 5) ceanglais níos déine maidir le cásanna nach bhfuil ach tairiscint amháin acu 6) ceanglas maidir le comhairliúchán margaidh chun sonraíochtaí teicniúla sriantacha a sheachaint.
210	**6.4.3.r. Straitéis ghairmithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme**	Garsprioc	Straitéis a ghlacadh chun soláthróirí a ghairmiúlú	Tá straitéis glactha.				R1	2022	Straitéis ghairmithe a ghlacadh lena n-áirítear treoracha sonracha gníomhaíochta maidir le hinniúlacht na soláthróirí agus maidir le soláthar láraithe a dhéanamh.
211	**6.4.3.r. Straitéis ghairmithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme**	Garsprioc	Leasuithe ar na gníomhartha dlí, ar an rialachán agus ar na nósanna imeachta inmheánacha ábhartha	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar ghníomhartha dlí, rialacháin nó nósanna imeachta inmheánacha ábhartha				R4	2022	Tá glacadh na nithe seo a leanas curtha i gcrích: (1) Ceanglais cháilíochta chaighdeánaithe de réir earnála (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, tógáil, iompar de bhóthar, seirbhísí cumarsáide soghluaiste agus seasta), (2) Doiciméid chaighdeánaithe um ghlacadh-aistriú i soláthairtí oibreacha, (3) rochtain phoiblí

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc /sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										ar ábhair mhodheolaíochta, (4) clár oiliúna aonair chun a áirithiú go ndearnadh inniúlacht soláthróirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, (5) ceanglais mhéadaithe maidir le hinniúlacht an choimisiúin soláthair i soláthairtí a shroicheann tairseach áirithe de phraghsanna conarthaí, e.g. deimhniú do Chathaoirleach an Choimisiúin Soláthair, (6) réamhfhíorú soláthairtí, áirithítear go bhfógraíonn an coimisiún soláthair cáilíocht iomchuí na dtairiscintí.
212	**6.4.3.r. Straitéis ghairmithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme**	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla lena gcuirtear lárú soláthair chun feidhme	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí ábhartha				R3	2026	Teacht i bhfeidhm cinnidh ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le soláthairtí láraithe a chur i gcrích i réimsí áirithe a shainaithneofar i staidéar indéantachta roimhe sin.
213	**6.4.4.r. IUB IT agus fothú acmhainneachta anailísí**	Garsprioc	Critéir a ghlacadh chun earnálacha margaidh, custaiméirí agus ceannacháin rioscúla a shainaithint	Neamhbhainteach				R4	2021	Formheasadh critéir chun earnálacha margaidh, custaiméirí agus nósanna imeachta soláthair a bhfuil riosca ag baint leo a shainaithint. Tá na critéir a leagtar síos bunaithe ar tháscairí foilseacháin soláthair agus ar tháscairí soláthair an Choimisiúin Eorpaigh, chomh maith le dea-chleachtais ó thíortha eile, amhail an uirlis Innéacs.

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc /sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
214	**6.4.4.r. IUB IT agus fothú acmhainneachta anailísí**	Garsprioc	Uasghrádú ar an gcóras bainistíochta foilseachán curtha i gcrích	Uasghrádú ar an gcóras bainistíochta foilseachán curtha i gcrích				R4	2024	Tá córas bainistíochta foilseachán ar fáil, lena gcinntítear: — rochtain ar líne, —foilsiú ríomhfhoirmeacha, — forbhreathnú ar staidreamh soláthair, — infhaighteacht próifílí cliant, — modúl don phróiseas gearán maidir le soláthar, —modúl chun réamhsheiceálacha a dhéanamh, —modúl le haghaidh cásanna próisis riaracháin um shárú, — daoine ciontaithe a fhíorú sula gcuirfear sa choimisiún soláthair iad.

G. COMHPHÁIRT 7: REPOWERREU

Is iad seo a leanas cuspóirí chaibidil REPowerEU de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia:

- sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid an fhuinnimh in-athnuaite trí i) réitigh chliste bainistithe eangaí leictreachais a chur chun feidhme ar leibhéil tarchurtha agus dáileacháin araon, ii) acmhainneacht na heangaí a mhéadú chun freastal ar chomhtháthú níos airde d'fhuinneamh in-athnuaite athraitheach agus iii) creataí nua a thabhairt isteach do phobail fuinnimh agus d'fhéintomhaltóirí;
- aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí thacú le pobail fuinnimh agus iad a chur chun cinn;
- aghaidh a thabhairt ar scrogaill inmheánacha agus trasteorann maidir le tarchur agus dáileadh fuinnimh trí na gréasáin náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a dhigitiú, a nuachóiriú agus a dhaingniú, agus trí fhorálacha a thabhairt isteach maidir le barrfheabhsú na ngréasán leictreachais;
- tacú le stóráil leictreachais agus slándáil fuinnimh a mhéadú trí infheistíocht a dhéanamh i suiteáil Córais Stórála Fuinnimh Ceallraí agus i réitigh chibearshlándála le haghaidh bonneagar criticiúil tarchurtha fuinnimh; agus
- glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú trí phointe insteallta bithmheatáin réigiúnach a chruthú agus trí chreat dlíthiúil a bhunú chun bithmheatán inbhuanaithe a instealladh sa ghréasán gáis nádúrtha atá ann cheana.

As na ceithre bheart i gcaibidil REPowerEU na Laitvia, tá gné agus éifeacht trasteorann agus ilnáisiúnta ag dhá cheann acu. Is é is aidhm bheacht don bheart infheistíochta lena gcumhdaítear suiteáil Córais Stórála Fuinnimh Ceallraí tionscadal trasteorann arna chur chun feidhme ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag an Eastóin agus ag an bPolainn a chomhlánú, arb é is aidhm dó sioncrónú iomlán líonraí leictreachais na Stát Baltach le líonra mhór-roinn na hEorpa a áirithiú. Cuimsítear leis an infheistíocht sin freisin gníomhaíochtaí coimhdeacha atá dírithe ar chibearshlándáil na mbonneagar criticiúil a fheabhsú agus ar oibriú cobhsaí an ghréasáin tarchurtha a áirithiú tar éis an tsioncrónaithe, d'fhonn foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú níos mó. Tá gné agus éifeacht trasteorann agus ilnáisiúnta ag baint leis an infheistíocht maidir leis na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú, toisc go meastar go rannchuideoidh sí le scrogaill i sreafaí fuinnimh a bhaint agus le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh sna gréasáin a éascú.

Is ionann an dá infheistíocht agus 99 % de chostais mheasta na caibidle.

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar mholtaí chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú (moladh tírshonrach 4.1 2023) trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh (moladh tírshonrach 4.2 2023), agus chun acmhainneacht leordhóthanach idirnasc a áirithiú chun slándáil an tsoláthair a mhéadú agus chun leanúint de shioncrónú le heangach leictreachais an Aontais (moladh tírshonrach 4.3 2023).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Ná déan dochar suntasach' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 7.1.r. An earnáil náisiúnta fuinnimh a chlaochlú

Is é is cuspóir don bheart seo an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus sprioc na Laitvia a chur chun cinn maidir le bheith ina tír onnmhairithe fuinnimh ghlais.

Is é is aidhm don athchóiriú i) creat rialála a thabhairt isteach lena leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun pobail fuinnimh a chlárú agus a oibriú, agus chun tacú le grúpaí leochaileacha den tsochaí; leasuithe a thabhairt isteach ar noirm maidir le trádáil leictreachais agus tomhaltas leictreachais lena gcuirtear féintomhaltóirí agus úinéirí saoráidí micrea-ghineadóra chun cinn; coinníollacha a leagan síos maidir le húsáid níos fearr a bhaint as na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin atá ann cheana; agus iv) coinníollacha a leagan síos chun méadú a dhéanamh ar ghlacadh bithmheatáin inbhuanaithe atá le hinstealladh sa ghréasán gáis nádúrtha atá ann cheana.

Cumhdóidh an t-athchóiriú na gnéithe seo a leanas.

1. Cruthófar leis an athchóiriú creat rialála do phobail fuinnimh trí i) na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagan síos chun na pobail fuinnimh a chlárú agus a oibriú, ii) oibleagáid a thabhairt isteach do thrádálaithe leictreachais táirge amháin ar a laghad a thairiscint chun leictreachas a cheannach ó phobail fuinnimh, agus iii) oibleagáid a thabhairt isteach d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha cuid den leictreachas a tháirgtear laistigh de phobal fuinnimh, nó den tairbhe eacnamaíoch a eascraíonn as, a dhíriú ar ghrúpaí leochaileacha.

2. Leis an athchóiriú i) tabharfar isteach an fhéidearthacht an leictreachas arna ghiniúint ar shaoráid úsáideora leictreachais amháin a úsáid chun riachtanais tomhaltais saoráide eile de chuid an úsáideora chéanna a chumhdach, agus gan ach srian amháin ann go mbeidh na saoráidí lonnaithe sa chríoch náisiúnta agus nasctha leis an eangach náisiúnta; oibleagáid a chruthú do thrádálaithe leictreachais táirge amháin ar a laghad a thairiscint chun leictreachas a cheannach ó fhéintomhaltóirí a bhfuil saoráid micrea-ghineadóra á hoibriú acu; agus iii) an coinníoll a thabhairt isteach gur féidir fuinneamh a chomhroinnt lasmuigh den fhoirgneamh ilárasán gan gá le pobal fuinnimh a chruthú.

3. Meastar go rannchuideoidh an t-athchóiriú leis an leas is fearr is féidir a bhaint as an úsáid a bhaineann saoráidí giniúna agus stórála leictreachais as acmhainneacht eangaí. Ceadóidh sé i) rochtain ar phointe nasctha eangaí do ghléasraí cumhachta a d'fhéadfadh teicneolaíochtaí giniúna éagsúla a úsáid agus ar mó a n-acmhainneacht chomhcheangailte ná acmhainneacht an phointe nasctha eangaí, agus ii) soláthróidh sé coinníollacha maidir le hacmhainneachtaí giniúna comhcheangailte den sórt sin a oibriú agus maidir le saoráidí giniúna áirithe a chasadh ar aghaidh agus a mhúchadh.

4. Leagfar síos leis an athchóiriú na coinníollacha faoina ndéanfar bithmheatán inbhuanaithe a iompraítear lasmuigh de na líonraí tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a instealladh sa ghréasán gáis nádúrtha.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 7.2.i. Slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh, agus sioncrónú le heangach an Aontais

Is é is cuspóir don infheistíocht sin slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh a mhéadú, agus tacú le sioncrónú na heangaí leictreachais náisiúnta le gréasáin leictreachais Mhór-roinn na hEorpa.

Beidh an méid seo a leanas mar thoradh ar an infheistíocht:

i) Córas Stórála Fuinnimh 60 MW Ceallraí a shuiteáil in Rēzekne;

réiteach cibearshlándála a chur chun feidhme le haghaidh bonneagar criticiúil tarchurtha fuinnimh;

iii) coincheap a fhorbairt, agus réitigh bogearraí a cheannach agus a shuiteáil, chun bainistiú cliste a dhéanamh ar naisc leictreachais in-athnuaite leis an eangach náisiúnta tarchurtha leictreachais.

Tá coinne leis go gcuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha náisiúnta an infheistíocht chun feidhme. Meastar go gcuirfear an ghníomhaíocht faoi phointe iii) chun feidhme i gcomhar leis an oibreoir córais dáileacháin náisiúnta, agus le hoibreoirí córais tarchurtha na hEastóine agus na Liotuáine chomh maith.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú

Is é is cuspóir don infheistíocht sin rannchuidiú leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus slándáil leictreachais a mhéadú trí acmhainneacht agus solúbthacht na heangaí leictreachais a mhéadú chun freastal ar chomhtháthú níos fearr d'fhuinneamh in-athnuaite athraitheach, trí ghréasáin tarchurtha a athchóiriú, agus trí ghréasáin dáileacháin a dhigitiú. Cumhdóidh an infheistíocht na heilimintí seo a leanas.

1. Chun acmhainneacht agus solúbthacht na heangaí leictreachais náisiúnta a mhéadú chun freastal ar chomhtháthú níos fearr fuinnimh in-athnuaite inathraithigh, soláthrófar leis an infheistíocht 70 MW d'acmhainneacht nua eangaí leictreachais, fostáisiún digiteach a thógáil in Kuldīga agus fostáisiún a athchóiriú in Carnikava.

2. Chun línte tarchurtha fuinnimh a nuachóiriú agus slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair leictreachais a mhéadú, déanfar línte cábla a chur in ionad 150 km ar a laghad de línte cumhachta forchostais meánvoltais atá ann cheana mar thoradh ar an infheistíocht.

3. Chun an gréasán dáileacháin leictreachais a dhigitiú ar mhaithe le bainistiú níos éifeachtúla agus níos solúbtha a dhéanamh ar shreafaí fuinnimh, beidh an méid seo a leanas mar thoradh ar an infheistíocht:

ardréiteach bainistíochta dáileacháin cliste a chur chun feidhme;

— ceannach agus suiteáil scoradáin chiorcaid mheánvoltais cianrialaithe ar línte cábla i bhfostáisiúin claochladán agus ar línte ag pointí lasctha éagsúla.

4. Críochnófar dhá staidéar a mheastar a chuirfidh le forbairt na Laitvia i dtreo a bheith ina tír onnmhairithe fuinnimh ghlais. Is é cuspóir an chéad staidéir an t-uasmhéid fuinnimh in-athnuaite a d'fhéadfaí a nascadh leis an ngréasán tarchurtha leictreachais a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar thionchar toirteanna foinsí fuinnimh in-athnuaite níos airde ar an ngréasán. Tá sé mar chuspóir ag an dara staidéar meastachán a dhéanamh ar fhás tomhaltais leictreachais agus ar acmhainneacht leictrithe thar thréimhse ama 10 mbliana. Thairis sin, déanfar Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol le haghaidh tionscadal líne tarchurtha leictreachais idir Ventspils, Brocēni agus Telšiai.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 7.4.i. Glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú

Tá an beart seo dírithe ar ghlacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó Airteagail 29 go 31 agus leis na rialacha maidir le bia agus bithbhreoslaí beathabhunaithe a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001, agus gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara. Beidh an méid seo a leanas mar thoradh ar an mbeart:

i) pointe insteallta bithmheatáin inbhuanaithe réigiúnach nua (BIP) a thógáil.

ii) réiteach TF a cheannach agus a shuiteáil chun an BIP réigiúnach nua a bhainistiú, lena n-áirítear caighdeáin braite agus coiscthe sceite bithmheatáin a thabhairt isteach.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
215	**7.1.r. An earnáil náisiúnta fuinnimh a chlaochlú**	Garsprioc	Rialacháin lena mbunaítear creat chun pobail fuinnimh a chlárú agus a oibriú	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm na rialachán	Neamhb hainteach	Neamhb hainteach	Neamh bhainteach	R4	2024	Teacht i bhfeidhm rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí, ar rialacháin iad: na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagan síos maidir le pobail fuinnimh a chlárú agus a oibriú; oibleagáid a thabhairt isteach do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha cuid den mhéid leictreachais a tháirgtear sa chomhphobal fuinnimh, nó an tairbhe eacnamaíoch a bhaintear as, a dhíriú ar ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí; oibleagáid a thabhairt isteach ar thrádálaithe leictreachais táirge amháin ar a laghad a thairiscint chun leictreachas a cheannach ó phobail fuinnimh.
216	**7.1.r. An earnáil náisiúnta fuinnimh a chlaochlú**	Garsprioc	Reachtaíocht lena leasaítear noirm maidir le trádáil agus tomhaltas leictreachais	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena leasaítear na noirm maidir le trádáil agus tomhaltas leictreachais	Neamhb hainteach	Neamhb hainteach	Neamh bhainteach	R1	2024	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar na noirm maidir le trádáil agus tomhaltas leictreachais, lena dtabharfar isteach an méid seo a leanas: — an coinníoll gur féidir fuinneamh a chomhroinnt lasmuigh den fhoirgneamh ilárasán gan gá le pobal fuinnimh a chruthú; an fhéidearthacht an méid leictreachais a tháirgtear i saoráid úsáideora leictreachais amháin a

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										úsáid chun riachtanais tomhaltais saoráide eile de chuid an úsáideora chéanna a chumhdach, gan beann ar shuíomh na saoráidí. Is é an t-aon teorainn a bheidh ann i) go mbeidh na saoráidí lonnaithe i gcríoch Phoblacht na Laitvia agus ii) go malartófar iad le haghaidh an chórais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais atá ann cheana i bPoblacht na Laitvia. — an oibleagáid atá ar thrádálaithe leictreachais táirge amháin ar a laghad a thabhairt isteach chun leictreachas a cheannach ó fhéintomhaltóirí a bhfuil saoráid micrea-ghineadóra á hoibriú acu.
217	**7.1.r. An earnáil náisiúnta fuinnimh a chlaochlú**	Garsprioc	Rialachán maidir le barrfheabhsú an ghréasáin leictreachais	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm an Rialacháin	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2025	Teacht i bhfeidhm rialachán Chomh-Aireacht na nAirí: — rochtain ar phointe nasctha eangaí a cheadú do ghléasraí cumhachta a d'fhéadfadh teicneolaíochtaí giniúna éagsúla a úsáid agus ar mó a n-acmhainneacht chomhcheangailte ná acmhainneacht an phointe nasctha eangaí; coinníollacha a sholáthar maidir leis na cumais ghiniúna chomhcheangailte sin a oibriú

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										agus maidir le saoráidí giniúna áirithe a chasadh ar siúl agus a mhúchadh.
218	**7.1.r. An earnáil náisiúnta fuinnimh a chlaochlú**	Garsprioc	Rialacháin maidir le bithmheatán a iompraítear lasmuigh de na córais tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm na Rialachán	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2025	Teacht i bhfeidhm rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí, ar rialacháin iad: — na coinníollacha a leagan síos maidir le bithmheatán inbhuanaithe a iompraítear lasmuigh den chóras tarchurtha agus dáileacháin gáis nádúrtha a instealladh isteach sa chomhchóras soláthair gáis nádúrtha; — é a chur ar a gcumas do tháirgeoirí beaga bithmheatáin an bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeann siad a instealladh sa chomhchóras soláthair gáis nádúrtha.
219	**7.2.i. Slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh, agus sioncrónú le heangach an Aontais**	Garsprioc	Rialachán lena rialaítear suiteáil Córais Stórála Fuinnimh Ceallraí	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm an Rialacháin	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2024	Teacht i bhfeidhm an rialacháin ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh infheistíocht i suiteáil Córais Stórála Fuinnimh Ceallraí in Rēzekne.
220	**7.2.i. Slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh, agus sioncrónú le**	Garsprioc	Conarthaí chun Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí 60 MW a shuiteáil agus	Conarthaí arna ndámhachtain	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2025	Conarthaí a dámhadh chun Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí 60 MW a shuiteáil in Rēzekne agus réiteach TF le haghaidh bhainistiú an líonra tarchurtha

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	heangach an Aontais		réiteach TF le haghaidh bainistiú líonra tarchurtha							
221	**7.2.i. Slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh, agus sioncrónú le heangach an Aontais**	Sprioc	Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS)	Neamhbhainteach	MW	0	60	R4	2025	Tá Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí 60 MW (BESS) suiteáilte i Rēzekne.
222	**7.2.i. Slándáil agus cobhsaíocht an tsoláthair fuinnimh, agus sioncrónú le heangach an Aontais**	Garsprioc	Réiteach TF le haghaidh bainistíocht líonra tarchurtha cumhachta	Réiteach TF le haghaidh bainistiú líonra tarchurtha cumhachta curtha chun feidhme	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2025	Tá réiteach TF do bhainistíocht líonra tarchurtha cumhachta curtha i bhfeidhm. Áireofar leis sin: réiteach cibearshlándála a chur chun feidhme le haghaidh bonneagar criticiúil tarchurtha fuinnimh; — coincheap a fhorbairt, agus réitigh bogearraí a cheannach agus a shuiteáil, chun bainistiú cliste a dhéanamh ar naisc leictreachais in-athnuaite leis an eangach náisiúnta tarchurtha leictreachais.
223	**7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a**	Garsprioc	Rialacháin lena rialaítear infheistíochtaí sna gréasáin náisiúnta tarchurtha agus	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm na rialachán lena rialaítear	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2024	Teacht i bhfeidhm rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí lena rialaítear infheistíochtaí a bhaineann le hacmhainneacht nua eangaí leictreachais,

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	dhigitiú agus a dhaingniú		dáileacháin leictreachais	infheistíochtaí sna gréasáin náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin leictreachais						fostáisiúin, línte tarchuir agus bainistiú dáilte fuinnimh chliste.
224	**7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú**	Sprioc	Acmhainneacht bhreise eangaí leictreachais	Neamhbhainteach	MW	0	70	R2	2026	D'fhorbair acmhainneacht nua eangaí leictreachais le haghaidh 70 MW san iomlán.
225	**7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú**	Garsprioc	Oibreacha na bhfostáisiún a chur i gcrích	Tá tógáil fostáisiúin nua agus athchóiriú fostáisiúin atá ann cheana curtha i gcrích	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2026	1) Tógáil fostáisiúin dhigitigh in Kuldīga a chur i gcrích. 2) Athchóiriú fostáisiúin in Carnikava a chur i gcrích.
226	**7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú**	Sprioc	Líonra leictreachais lasnairde arna thiontú ina líonra cábla	Neamhbhainteach	Km	0	150	R2	2026	Cuireadh línte cábla in ionad 150 km de na línte cumhachta lasnairde meánvoltais atá ann cheana.
227	**7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú**	Garsprioc	Réiteach bainistíochta líonra dáileacháin chliste	Tugadh isteach réiteach bainistíochta líonra dáileacháin cliste	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2026	Tugadh isteach réiteach cliste maidir le bainistiú eangaí. Is éard a bheidh ann: réiteach ardchórais bainistíochta dáileacháin chliste (ADMS) a chur chun feidhme;

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										— 285 scoradán ciorcaid meánvoltais cianrialaithe ar a laghad a cheannach agus a shuiteáil.
228	**7.3.i. Na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, a dhigitiú agus a dhaingniú**	Garsprioc	Staidéir agus measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol	Tá staidéir agus measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol curtha i gcrích	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2026	Dhá staidéar agus aon Mheasúnú Tionchair Timpeallachta amháin a chur i gcrích. Áireofar an méid seo a leanas sa chéad staidéar: — Cinneadh maidir le huasmhéid na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite is féidir a nascadh leis an ngréasán tarchurtha leictreachais i gcásanna éagsúla; Ríomhanna maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag méideanna socraithe foinsí fuinnimh in-athnuaite ar shábháilteacht agus ar chobhsaíocht an ghréasáin tarchurtha agus sainaithint réiteach féideartha a bhaineann leis sin. Áireofar an méid seo a leanas sa dara staidéar: — Meastacháin ar acmhainneacht fáis agus leictriúcháin maidir le hídiú

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										leictreachais thar thréimhse ama 10 mbliana; — Modheolaíocht réamhaisnéise le haghaidh leordhóthanacht toillte agus pleanáil forbartha gréasáin. Sainaithneofar sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol na roghanna is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is costéifeachtaí chun tionscadal líne tarchurtha leictreachais a thógáil idir Ventspils, Brocēni agus Telšiai.
229	**7.4.i. Glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú**	Garsprioc	Rialacháin lena rialaítear infheistíochtaí in earnáil an bhithmheatáin	Forálacha dlíthiúla lena léirítear teacht i bhfeidhm na Rialachán lena rialaítear infheistíochtaí in earnáil an bhithmheatáin	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R4	2024	Teacht i bhfeidhm rialacháin Chomh-Aireacht na nAirí maidir leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh infheistíochtaí i dtógáil pointe ionchuir réigiúnaigh bithmheatáin agus i réiteach TF a cheannach chun an pointe ionchuir a bhainistiú.
230	**7.4.i. Glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú**	Garsprioc	Conarthaí a dhámhachtain chun pointe insteallta bithmheatáin réigiúnach a thógáil agus le haghaidh réiteach TF	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2025	Conarthaí a dámhadh chun pointe insteallta bithmheatáin réigiúnach a thógáil agus le haghaidh réiteach TF chun an pointe insteallta a bhainistiú go cliste.

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			chun é a bhainistiú go cliste							
231	**7.4.i. Glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú**	Garsprioc	Pointe insteallta bithmheatáin réigiúnach curtha i gcrích	Tógáil a chríochnú				R4	2025	Tógáil pointe insteallta bithmheatáin réigiúnaigh a thabhairt chun críche. Comhlíonfaidh gach bithmheatán a instealltar i bpíblínte atá ann cheana tríd an bpointe nua na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagail 29-31, agus na rialacha maidir le bia agus bithbhreoslaí beathabhunaithe a leagtar amach in Airteagal 26, den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001, agus gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara.
232	**7.4.i. Glacadh bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú**	Garsprioc	Réiteach TF chun an pointe insteallta bithmheatáin inbhuanaithe réigiúnach nua (BIP) a bhainistiú	Réiteach TF a ceannaíodh agus a cuireadh chun feidhme	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	R2	2026	Déanfar réiteach TF chun an pointe insteallta bithmheatáin inbhuanaithe réigiúnach nua (BIP) a bhainistiú a cheannach agus a shuiteáil. Leis an réiteach sin, cumasófar na seirbhísí seo a leanas: — bainistíocht rochtana ar thoilleadh pointe insteallta bithmheatáin;

Líon	Beart gaolmhar (athchóiriú nó infheistíocht)	Garsprioc/sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										— Sonraí méadraithe pointe insteallta bithmheatáin a léiriú in ardán coiteann d'úsáideoirí gáis; — Caidreamh idir táirgeoir bithmheatáin agus úsáideoirí an líonra tarchurtha a choinneáil ar bun le haghaidh leithdháiltí ar phointe iontrála gáis; — Bainistiú acmhainneachtaí, ainmniúcháin agus leithdháiltí pointí iontrála gáis; — Comhtháthú uathoibríoch sonraí idir pointí méadraithe agus córas chun Ráthaíochtaí Tionscnaimh a eisiúint. Tabharfar isteach caighdeáin chun sceitheadh meatáin agus bithmheatáin a bhrath agus a chosc mar chuid lárnach de na ceanglais slándála.

2. COSTAS IOMLÁN MEASTA AN PHLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

Is é EUR 1 969 244 522 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia.

Is é EUR 134 743 378 costas measta iomlán chaibidil REPowerEU.

Roinn 2: Tacaíocht airgeadais

1. Ranníocaíocht airgeadais

Eagrófar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar an mbealach seo a leanas:

1.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
77	2.3.2.3.i. An deighilt dhigiteach a dhúnadh do dhaltaí agus d'institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata rialála lena leagtar síos nósanna imeachta chun cianfhoghlaim a eagrú agus a chur chun feidhme
80	2.4.1.r. Forbairt bonneagair leathanbhanda	Garsprioc	Ceanglas teicniúil a ghlacadh maidir leis an tiomáint nasctha agus uathoibrithe
81	2.4.1.r. Forbairt bonneagair leathanbhanda	Garsprioc	Samhail choiteann a ghlacadh chun an míle deireanach a fhorbairt
98	3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena gcothromaítear cearta tionóntaí agus tiarnaí talún
104	3.1.1.5.i. Bonneagar na n-institiúidí oideachais a fhorbairt agus a fheistiú	Garsprioc	Sainmhíniú ar chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla a glacadh
110	3.1.2.r. Rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus fostaíochta chun tacú le hathchóiriú ioncaim íosta	Garsprioc	Glacadh an chreata straitéisigh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras tacaíochta ioncaim íosta
186	6.2.1.r. Nuachóiriú ar an bpróiseas chun sciúradh airgid a shainaithint, coireanna eacnamaíocha a imscrúdú agus imeachtaí breithiúnacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Dlí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus iomadaithe a chosc
209	6.4.2.r. Timpeallacht na hIomaíochta a Fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata rialála chun feabhas a chur ar thimpeallacht na hiomaíochta

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
			agus chun rioscaí éillithe sa soláthar poiblí a laghdú.
213	6.4.4.r. IUB IT agus fothú acmhainneachta anailísí	Garsprioc	Critéir a ghlacadh chun earnálacha margaidh, custaiméirí agus ceannacháin rioscúla a shainaithint
		Méid Tráthchoda	EUR 231 000 000,00

1.2. An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
7	1.2.1.1.i. Éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh il-árasán agus an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú
10	1.2.1.2.i. Éifeachtúlacht fuinnimh i ngnó a mhéadú i bhfoirm ionstraime airgeadais comhcheangailte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Chláir Tacaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Fiontraíochta
13	1.2.1.3.i. Foirgnimh bhardasacha agus bonneagar bardasach a fheabhsú tríd an aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil do chlár tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i mbonneagar bardasach a fheabhsú, a thacaíonn le tionscadail a bhfuil laghdú beartaithe 30 % ar a laghad ar fhuinneamh príomhúil nó CO2 acu.
16	1.2.1.4.i. Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear foirgnimh stairiúla	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chláir tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh náisiúnta agus stairiúla a fheabhsú
22	1.3.1.r. Oiriúnú an chórais bainistithe tubaistí don athrú aeráide, seirbhísí tarrthála agus mearfhreagartha	Garsprioc	Tuarascáil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme an chórais bainistithe rioscaí tubaiste
27	2.1.1.r. Próisis agus seirbhísí náisiúnta a nuachóiriú agus an claochlú digiteach	Garsprioc	Creat a bhunú chun bainistiú rialachais aontaithe a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forbartha TFC sa riarachán poiblí

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
28	2.1.1.r Próisis agus seirbhísí náisiúnta a nuachóiriú agus an claochlú digiteach	Garsprioc	Creat normatach a bhunú chun tacaíocht a fháil i réimse chlaochlú digiteach na bpróiseas agus na seirbhísí riaracháin phoiblí
31	2.1.2.r. Éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht in úsáid acmhainní náisiúnta TFC a mhéadú	Garsprioc	Bunú an chreata dhlíthiúil chun tacaíocht a fháil i réimse fhorbairt na gcóras lárnach agus na n-ardán lárnach riaracháin phoiblí agus chomhdhlúthú na seirbhísí bonneagair ríomhaireachta
37	2.1.3.r. An geilleagar náisiúnta sonraí eacnamaíocha agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil chun tacaíocht a fháil i réimse an chlaochlaithe ar bhainistiú sonraí eacnamaíocha
40	2.2.1.r. Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach	Garsprioc	Bunaíodh an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (EDIH)
41	2.2.1.r. Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach	Garsprioc	Cuireann lárionaid tacaíochta gnó réigiúnacha feidhmeanna nua tacaíochta ar fáil don chlaochlú digiteach
42	2.2.1.r. Timthriall iomlán na tacaíochta don chlaochlú digiteach gnó a chruthú le cumhdach réigiúnach	Garsprioc	Córas tástála aibíochta digití a bhunú d'eintitis chun na gníomhaíochtaí is gá do na heintitis agus don tacaíocht stáit a shainaithint.
69	2.3.2.r. Scileanna digiteacha le haghaidh chlaochlú digiteach na sochaí agus an rialtais	Garsprioc	Leis an gcreat normatach, neartaítear agus cuirtear chun feidhme creat coiteann chun measúnú a dhéanamh ar bhunscileanna digiteacha, chun riachtanais oiliúna agus measúnú a shainaithint agus a phleanáil
70	2.3.2.r. Scileanna digiteacha le haghaidh chlaochlú digiteach na sochaí agus an rialtais	Garsprioc	Tháinig leasuithe i bhfeidhm ar ghníomhartha normatacha maidir le caighdeáin náisiúnta ardoideachais, lena mbeartaítear torthaí an staidéir ar inniúlacht dhigiteach a bhaint amach ar na leibhéil

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
			chomhfhreagracha de Chreat Cáilíochta na Laitvia.
85	3.1.1.1.i. Feabhas a chur ar ghréasán na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla	Sprioc	Bóithre réigiúnacha agus áitiúla athchóirithe nó atógtha ar mhaithe le hinrochtaineacht shábháilte na n-ionad riaracháin contae agus a gcuid seirbhísí agus post agus ar mhaithe le feidhmiú iomlán na mbardas nua.
89	3.1.1.2.i. Inniúlacht na mbardas a neartú chun éifeachtúlacht agus cáilíocht a n-oibríochtaí a fheabhsú	Garsprioc	Glacadh an bunús dlí chun tacaíocht d'fhothú acmhainneachta na rialtas áitiúil a chur chun feidhme
93	3.1.1.3.i. Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí gnó chun páirceanna tionsclaíocha agus limistéir thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin	Garsprioc	Clár tacaíochta a ghlacadh chun páirceanna agus críocha tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin
99	3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil	Garsprioc	Straitéis inacmhainneachta tithíochta a ghlacadh
100	3.1.1.4.i. Ciste maoinithe a bhunú chun teaghaisí ar chíos íseal a thógáil	Garsprioc	Rialáil an Rialtais maidir le tógáil teaghaisí ar chíos íseal
105	3.1.1.5.i. Bonneagar na n-institiúidí oideachais a fhorbairt agus a fheistiú	Garsprioc	Glacadh cinntí ag comhairlí áitiúla maidir le hatheagrú 20 institiúid ghinearálta meánoideachais ar a laghad
107	3.1.1.6.i. Feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach chun feidhmeanna agus seirbhísí bardasacha a fheidhmiú	Garsprioc	Glacadh clár tacaíochta le haghaidh rialtais áitiúla chun busanna leictreacha a cheannach chun feidhmeanna bardasacha agus seirbhísí gaolmhara a fheidhmiú
112	3.1.2.1.i. Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar fhostaíocht a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil lagú feidhme orthu	Garsprioc	Foirgnimh stáit agus foirgnimh rialtais áitiúil a roghnú ina ndéanfar oiriúnuithe comhshaoil
118	3.1.2.2.i. Uirlis réamhaisnéise a fhorbairt	Garsprioc	Conradh a thabhairt i gcrích maidir le halgartaim a fhorbairt don tsamhail réamhaisnéise, sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt don chóras faisnéise agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an chórais

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
121	3.1.2.3.i. Athléimneacht agus leanúnachas na seirbhíse cúraim shóisialta fhadtéarmaigh	Garsprioc	Dearadh tógála caighdeánach a fhorbairt
131	4.1.1.r. Inbhuanaitheacht agus athléimneacht córais cúraim sláinte atá duinelárnach, cuimsitheach agus comhtháite	Garsprioc	Straitéis sláinte digití a ghlacadh
132	4.1.1.r. Inbhuanaitheacht agus athléimneacht córais cúraim sláinte atá duinelárnach, cuimsitheach agus comhtháite	Garsprioc	Samhail seachadta cúram sláinte atá dírithe ar an duine, cuimsitheach agus comhtháite a fhorbairt trí straitéis infheistíochta agus moltaí a fhorbairt chun cúram sláinte comhtháite agus sábháilte ó thaobh eipidéimeolaíochta de a fhorbairt
135	4.1.1.1.i. Tacaíocht do thaighde sláinte poiblí	Garsprioc	Modheolaíocht a ghlacadh le haghaidh trí staidéar chun feabhas a chur ar phleanáil agus ar chur chun feidhme an bheartais sláinte poiblí i réimse na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, an vacsaínithe agus na ngalar tógálach
138	4.1.1.2.i. Tacaíocht chun bonneagar sláinte ospidéal ollscoile agus ospidéal réigiúnach a neartú	Sprioc	Líon na dtionscadal a fuair tuairim dhearfach ón gCoimisiún Teicneolaíochta maidir le hincháilitheacht trealaimh chun na seirbhísí státchistithe ábhartha a sholáthar
149	4.3.1.r. Inbhuanaitheacht an chúraim sláinte, rialachas a neartú, úsáid éifeachtúil acmhainní sláinte, méadú ar an mbuiséad poiblí iomlán in earnáil na sláinte	Garsprioc	Sásra comhordúcháin formheasta chun seirbhísí samhlacha nua seachadta seirbhísí cúraim sláinte a mheasúnú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme
151	4.3.1.1.i. Tacaíocht chun cáilíocht agus inrochtaineacht cúraim sláinte thánaistigh neamhospidéil a mheasúnú agus a fheabhsú	Garsprioc	Glacadh modheolaíochta don staidéar ar cháilíocht agus infhaighteacht cúraim sláinte thánaistigh neamhospidéil
154	5.1.r. Rialachas an chórais nuálaíochta agus taighde agus stampa	Garsprioc	Straitéis náisiúnta fhadtéarmach a fhorbairt do

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm
	príobháideach; spreagadh infheistíochta forbartha		gach ceann de réimsí RIS3 agus Bord Stiúrtha Straitéiseach a bhunú do gach ceann de réimsí RIS3
159	5.2.1.r. Athchóiriú an Ardoideachais agus Barr Feabhais agus Rialachais Eolaíochta	Garsprioc	Athchóiriú ar rialachas na n-institiúidí ardoideachais
166	6.1.1.r. An anailísíocht a neartú agus bainistiú sonraí a fhorbairt i réimse an riaracháin cánach agus an chustaim	Garsprioc	Glacadh an phlean oibre d'údaráis phoiblí chun srian a chur leis an scáthgheilleagar 2021-2022
